The verbal noun has both the function of a noun and a verb. Verbal nouns are generally formed by adding **-(e)adh** to the stem of the verb and by adding **-(i)ú** to the stem of verbs ending in **-(a)igh**. There are, however, many verbs which form their verbal nouns in an irregular fashion. For the present, the student should learn the verbal noun forms as they appear in the lessons:

Verb:	**bí**	**bris**	**dún**	**deisigh**	**ól**	**caith**
Verbal Noun:	**beith**	**briseadh**	**dúnadh**	**deisiú**	**ól**	**caitheamh**

The English present participle is translated by placing the preposition **ag** before the verbal noun:

ag ól bainne drinking milk, **ag foghlaim Gaeilge** learning Irish

OBJECT OF VERBAL NOUN

If the verbal noun is derived from a transitive verb the object is in the genitive case:

ag ithe an aráin, eating the bread **ag dúnadh an dorais,** closing the door

Since the personal pronouns do not have a distinctive form for the genitive, a special construction involving the possessive adjectives must be used when a personal pronoun is the object of the verbal noun: the preposition **do** or **ag** with the possessive adjective before the verbal noun. To translate the sentences, He is blaming me (you, him, her, etc.) we write

1	Tá sé	**do mo cháineadh**	(at my blaming)	blaming	me
2	" "	**do do cháineadh**		"	you
3	" "	**á cháineadh**	(**á cáineadh**)	"	him (her)
1	" "	**dár gcáineadh**		"	us
2	" "	**do bhur gcáineadh**		"	you
3	" "	**á gcáineadh**		"	them

(In the 3rd person **á** is substituted for **de + a**)

Sometimes the construction verbal noun + noun in the genitive is altered:

Tá Pádraig ag dúnadh an dorais. Patrick is shutting the door.

may be changed to:

Ta an doras á (do + a) dhúnadh ag Pádraig. The door is at its shutting at Patrick.

The word **doras** has become the subject and the agent is indicated by the preposition **ag.**

The question. What is he doing?, may be translated

Cad atá sé a dhéanamh? or **Cad atá á dhéanamh aige?**

DAYS, MONTHS,SEASONS

The names of the days are preceded by the definite article; when used adverbially they are preceded by **Dé** except for **Déardaoin.**

Laethanta na Seachtaine

An Luan	**Dé Luain**	Monday
An Mháirt	**Dé Máirt**	Tuesday
An Chéadaoin	**Dé Céadaoin**	Wednesday
An Déardaoin	**Déardaoin**	Thursday
An Aoine	**Dé hAoine**	Friday
An Satharn	**Dé Sathairn**	Saturday
An Domhnach	**Dé Domhnaigh**	Sunday

Inniu an Domhnach, Today is Sunday. **Bhí sé anseo Dé Domhnaigh,** He was here Sunday.

Mionna na Bliana

Eanáir	January	**Iúil**	July
Feabhra	February	**Lúnasa**	August
Márta	March	**Meán Fomhair**	September
Aibreán	April	**Deireadh Fomhair**	October
Bealtaine	May	**Samhain**	November
Meitheamh	June	**Mí na Nollag**	December

Ráithí (Séasúir) na Bliana

an t-earrach	spring	**an fomhar**	autumn
an samhradh	summer	**an geimhreadh**	winter

COMHRÁ



Dónall: **Cá bhfuil tú ag dul, a Phóil?**
Pól: **Táim ag dul go dtí na pictiúir.**
Dónall: **An bhfuil pictiúr maith ann?**
Pól: **Tá, pictiúr i dtaobh buachaillí bó. Teánam ort in éineacht liom.**
Dónall: **Níl aon airgead agam.**
Pól: **Rith isteach agus faigh an t-airgead ó do mháthair.**

FOCLÓIR (Verbal Nouns with prep. ag)

ag briseadh, v. bris	breaking
ag caitheamh, v. caith	wearing, smoking
ag ceannach, v. ceannaigh	buying
ag cur, v. cuir	putting
ag déanamh, v. déan	doing
ag deisiú, v. deisigh	mending
ag díol, v. díol	selling
ag dul, v. téigh	going
ag dúnadh, v. dún	shutting
ag fáil, v. faigh	getting
ag fanacht	staying waiting
ag foghlaim, v. foghlaim	learning
ag imirt, v. imir	playing
ag ithe, v. ith	eating
ag léamh, v. léigh	reading
ag ligint, v. lig	letting
ag líonadh, v. líon	filling
ag múineadh, v. múin	teaching
ag ní, v. nigh	washing
ag obair, v. oibrigh	working
ag ól, v. ól	drinking
ag oscailt, v. oscail	opening
ag rith, v. rith	running
ag scríobh, v. scríobh	writing
ag siopadóireacht	shopping
ag snámh, v. snámh	swimming
ag tabhairt, v. tabhair	giving
ag teacht, v. tar	coming
ag titim, v. tit	falling
ag tógáil, v. tóg	taking
amárach	tomorrow
bliain (f), g. bliana	year
buachaill bó	cowboy
cáca milis	sweet cake
cois	beside
duilleog (f), pl. -a	leaf
earra, pl. -í	thing, pl. goods
earrach	spring
eile	other
fan, fan liom	wait, wait for me
ag féachaint, v. féach	looking
farraige (f)	sea
cois farraige	beside the sea
feirm (f), pl. -eacha	farm
feirmeoir, pl. -í	farmer
go dtí	to, toward, until
gréasaí	shoemaker
i dtaobh	about
mí (f), pl. -onna	month
peil (f) **cluiche peile**	football f. game
píopa, pl. **-í**	pipe
ráithe (f), pl. **ráithí**	three-month period
séasúr, pl. **séasúir**	season
séipéal, pl. **séipéil**	chapel
siopa, pl. **-í**	shop
siopadóir, pl. **-í**	shopkeeper
téanam ort	come along

AISTRIGH:

1 Ag dul; ag teacht; ag feáchaint; ag oscailt.

2 Inné an Luan, inniú an Mháirt, amárach an Chéadaoin.

3 Ar an Satharn, san earrach, sa samhradh, Mí Deireadh Fomhair.

4 Bhí sé do mo mhúineadh; bhí siad dár gcáineadh.

5 Tá an páipéar ag m'athair. Tá sé á léamh aige.

6 Bíonn an gréasaí ag deisiú bróg.

7 Bhí mo mháthair ag siopadóireacht inné ag ceannach gúna nua d'Úna.

8 Bímid, mé fein agus na buachaillí eile, ag imirt peile tar éis na scoile.

9 Bíonn na múinteoirí ag múineadh agus na scoláirí ag foghlaim.

10 Istigh sa chistin bhí Seán Óg ag ithe cáca milis agus ag ól bainne.

11 Sa samhradh bíonn na daoine cois farraige ag snámh.

12 Um thráthnóna bíonn m'athair ag caitheamh a phíopa.

13 Cad é an obair a bhíonn á déanamh ag an bhfeirmeoir?

AISTRIGH (Use the present habitual tense of bí with suitable verbal nouns for 6-13.)

1 Reading; writing; learning; giving; coming.

2 The wet spring; the hot summer; tho cold winter.

3 Yesterday was Saturday, today is Sunday, tomorrow is Monday.

4 I have the book. I am reading it.

5 She has the glasses. She is filling them with water.

6 In the summer the weather is pleasant; in winter it is cold.

7 The leaves fall from the trees in autumn.

8 At school the students read and write.

9 They do not have school on Saturday and Sunday.

10 On Sunday people go to (**go dtí**) the church.

11 The shopkeepers sell goods in their stores.

12 Why are you not staying tonight?

13 Were you not plaving football in the field?

CEACHT 10

REVIEW:

COMHRÁ



An tAthair: Cá bhfuil tú féin agus do mháthair ag dul anois, a Cháit?
Cáit: Táimid ag dul ag siopadóireacht, a Dhaidí.
An tAthair: Níl aon tobac agam. Ceannaigh unsa dom, más é do thoil é.
Cáit: Cén saghas tobac?
An tAthair: Tobac milis. Tá a fhios ag do mháthair cén saghas.
An Mháthair: Cá bhfuil eochracha an chairr? Níl siad ar an matal.
An tAthair: Féach! Tá siad i mo phóca agam.
An Mháthair: Go raibh maith agat. Anois, a Cháit, an bhfuil tú ullamh?

SÉAMAISÍN

An bhfaca tú mo Shéamaisín, mo mhaicin óg, mo bhuachaillín?
An bhfaca tú mo Shéamaisín
Agus é ag siúl síos an bóthar?

Níl bróg ar bith ar a dhá choisín, ar a dhá choisín, ar a dhá choisín:
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín.
Níl hata air ná clóca.

FOCLÓIR

an bhfaca tú	did you see?	maicín	dim. of mac son
ar bith	any	más é do thoil é	if you please
buachaillín	dim. of buachaill	matal	mantelpiece
coisín	dim. of cos	milis	sweet
Daidí	Daddy	milseán pl. milseáin	sweet, candy
dhá	two	ollmhargadh	supermarket
dom	to or for me	saghas	kind
eochair (f), pl. eochracha	key	tá a fhios agat	you know
fios	knowledge	teilifís (f)	television
go raibh maith agat	thank you	tobac	tobacco
loch, pl. -anna	lake	ullamh	ready
		unsa	ounce

1 Put the following sentences into the past tense:

i **Tá na buachaillí ag snámh sa loch.**

ii **An bhfuil tú ag féachaint ar an teilifís?**

iii **Nach bhfuil do mháthair ag siopadóireacht sa chathair?**

iv **Cá bhfuil na páistí ag imirt?**

v **Níl aon duine ag teacht ón scoil.**

2 Use the present habitual tense of **bí** and the appropriate verbal nouns to translate the following sentences:

i The man and the woman work in the city.

ii Do the boys play football in the evening?

iii The students go to school every day.

iv The women shop in the supermarket (**ollmhargadh**).

v In winter the weather is cold and wet.

3 Place **ag** before the verbal nouns of the following verbs and translate:

caith	**faigh**	**tabhair**
déan	**léigh**	**téigh**
ól	**scríobh**	**tar**
foghlaim	**oscail**	**tóg**

4 Translate the fol]owing:

i What is he doing? What are you doing?

ii Tom has a bicycle. He is fixing it.

iii Mary has new books. She is reading them.

iv Where is the box? Tom is putting it on the table.

v Where is the candy? We are giving it to the children.

5 Write the correct form of the nouns following the preposition and article:

ag an:	**doras**	**,bus**	**,múinteoir**	**,teach**
ar an:	**bóthar**	**,cluiche**	**,gréasaí**	**,urlár**
as an:	**cupán**	**,mála**	**,gloine**	**,uisce**
faoin:	**urlár**	**,bord**	**,cathaoir**	**,scéal**
ón:	**athair**	**,máthair**	**,cailín**	**,siopadóir**
den:	**bád**	**,crann**	**,clann**	**,leabhar**
don:	**buachaill**	**,madra**	**,fiaclóir**	**,páirc**
leis an:	**aimsir**	**,caipín**	**,airgead**	**,tír**
sa/san:	**earrach**	**,samhradh**	**,fomhar**	**,geimhreadh**
do na:	**cailíní**	**,páistí**		
leis na:	**mná**	**,fir**		
sna:	**tithe**	**,leabhair**		

CEACHT 11

REGULAR VERBS-PAST TENSE: PARTICLE A; CONSTRUCTION-TÁ SÉ INA FHEAR, "SITTING", "STANDING", ETC.

REGULAR VERBS - PAST TENSE

Most verbs in Irish are regular. They are divided into two conjugations according to the form of the verb in the 3rd person singular of the future tense (see **Ceacht 21**). Given below are the past tense of three regular verbs; **bris**, break, **dún**, shut, and **bailigh**, gather (note the aspirated initial consonant).

1	**bhris mé**	**dhún mé**	**bhailigh mé**
2	**bhris tú**	**dhún tú**	**bhailigh tú**
3	**bhris sé, sí**	**dhún sé, sí**	**bhailigh sé, sí**
1	**bhriseamar**	**dhúnamar**	**bhailíomar**
2	**bhris sibh**	**dhún sibh**	**bhailigh sibh**
3	**bhris siad**	**dhún siad**	**bhailigh siad**

The particle **do** (a former perfect prefix **ro-**) is placed before the verb when the initial is a vowel or **fh-** followed by a vowel: it is written as **d'**.

d'ól mé	I drank	**d'fhéachamar**	we looked
d'ith tú	you ate	**d'fhoghlaimigh siad**	they learned

The particles **ní, an, nach, cá,** etc., combine with the **ro-** and become **níor, ar, nár, cár,** etc. They aspirate the initial of the verb.

níor dhún sé he did not shut	**Nár léigh Seán é?** Didn't John read it?
ar oscail siad? did they open?	**Cár cheannaigh Máire é?** Where did Mary buy it?

The difference in the spelling of the inflectional endings for the 1st person plural- **-eamar** for **bris** and **-amar** for **dún** may be explained thus: when the final consonant of the verb is slender (i.e. preceded by a slender vowel e or i) the ending is **-eamar**; when the final consonant is broad (i.e. preceded by a broad vowel a, o, u) the ending is **-amar**. The inflectional ending of verbs whose stems end in **-(a)igh** like **bailigh** was formerly spelled **bhailigheamar**; the standard spelling is **bhailíomar**.

PARTICLE a

This indeclinable particle which aspirates has the function of a relative pronoun in such constructions as the following:

an fear a dhún an doras	the man who shut the door
an bhean a cheannaigh an gúna	the woman who bought the dress

This particle follows subordinating conjunctions such as **mar**, as, and **nuair**, when.

De réir mar a léigh sé é.	According as he read it.
Bhí sé bocht nuair a bhí sé óg.	He was poor when he was young.

CONSTRUCTION: TÁ SÉ INA FHEAR

There is a construction involving the use of common nouns as predicates of the verb tá. The principal idea suggested by this construction is that a person or thing has become what he/she/it is now, or is in a state that he/she/it was not in before.

Tá Tomás ina fhear.	Thomas is a man (Lit. in his man).
Ní raibh mé ach i mo bhuachaill an uair sin.	I was only a boy at that time.
Níl sé ina lá fós.	It's not day yet.

"SITTING", "STANDING", ETC.

A special construction is required for the following verbal nouns:

suí	-sitting	**codladh**	-sleeping	**tost**	-being silent
seasamh	-standing	**dúiseacht**	-wakening		
luí	-lying	**cónaí**	-living (dwelling)		

This construction involves the use of the preposition i with the possessive adjective before the verbal noun.

Tá mé i mo shuí.	I am sitting.
Bhí tú i do sheasamh.	You were standing.
An bhfuil sé ina luí?	Is he lying down?
Nach bhfuil sí ina codladh?	Isn't she asleep?
Táimid inar ndúiseacht.	We are awake.
An raibh sibh in bhur gcónaí ann?	Were you living there?
Nach raibh siad ina dtost?	Were they not silent?

COMHRÁ

Seán Óg: A Dhaid, cá bhfuil Mamaí agus Cáit?
Daid: D'imigh siad amach ag siopadóireacht. Cá raibh tú féin?
Seán Óg: Bhí cluiche peile againn sa pháirc.
Daid: Cé a bhí ag imirt?
Seán Óg: Foireann ó mo scoil agus foireann ó Scoil Phádraig.
Daid: Cé a bhuaigh?
Seán Óg: Bhuamar. Fuair mise cúl amháin.
Daid: Maith an buachaill thú. Tá tuirse ort anois, is dócha.

FOCLÓIR

airgead,	money
a lán airgid	much, a lot of money
amhrán,	song
pl. **amhráin**	
bailigh	gather, collect
buaigh	win
caill	lose
can,	sing
v.n. **canadh**	
cathain?	when?
codladh,	sleeping
v.n. of **codail**	
cónaí,	living, dwelling
v.n. of **cónaigh**	
cúl	goal
dathúil	comely, pretty
de réir mar	according as
duiseacht,	awake
v.n. of **dúisigh**	
éirigh	rise
eochair (f),	key
pl. **eochracha**	
fág	leave
foghlaim	learn
foireann (f),	team
pl. **foirne**	
glaoigh,	call
v.n. **glaoch**	
gloine,	glass
pl. **gloini**	
gortaigh	hurt, injure
gúna	dress
imigh,	go, depart
v.n. **imeacht**	
is dócha	probably, likely
láidir	strong
leabharlann (f),	library
pl. **-a**	
lui,	lying
v.n. of **luigh**	
mórán	much
nuachtán	newspaper
Nua Eabhrac	New York
nuair a	when
sula	before
seanfhocal	proverb
seasamh,	standing
v.n. of **seas**	
siúil, v.n. **siúl**	walk
suí,	sitting
v.n. of **suigh**	
tit, v.n. **titim**	fall
tost	silence, being silent

AISTRIGH:

1 **Leigh me; d'ith tú; chuir sí; dhúnamar; d'ól sibh; ghlan siad.**

2 **Níor chaith sé; Nár éirigh sí? Cár cheannaíomar é? Ar imigh siad abhaile?**

3 **Nuair a ghlaoigh siad; dé réir mar a líon Seán an gloine.**

4 **An leabhar Gaeilge a cheannaigh mé; an t-airgead a chaith tú.**

5 **Nuair a bhí Úna ina páiste bhí sí ina cónaí sa chathair.**

6 **Tá Tadhg ina sheanfhear anois. Nuair a bhí sé óg, bhí sé laidir.**

7 **An í do chodladh nó i do dhúiseacht atá tú? Táim i mo dhúiseacht.**

8 **An rud a bhíonn, bíonn (seanfhocal).**

9 **Cár chuir tú an nuachtán? Níor léigh mé fós é.**

10 **Thit Seán Óg den rothar agus ghortaigh sé a lámh.**

11 **Líonamar na gloiní le huisce fuar agus d'ólamar an t-uisce.**

12 **Cad ina thaobh nar ghlan tú na bróga sular shiúil tú isteach?**

13 **Nár fhág tú eochracha an chairr ar an matal? Níor fhág.**

AISTRIGH:

1 I drank; you read; she learned; we sold: you opened; they shut.

2 Mary ate; didn't Thomas call? where did you put it? who drank it.

3 When I fell; when you walked; when she sang the song.

4 The books I read; the dress Mary bought; the lesson we learned.

5 She is an old woman now. When she was young she was pretty.

6 Why are you sitting? Everyone else (**gach duine eile**) is standing.

7 When Tim was a child he was living in New York.

8 They collected a lot of money but they didn't spend it all.

9 When did you buy the new car? Yesterday.

10 The children walked to school because the day was fine.

11 When they came home from school they were hungry.

12 According as Tom filled the glasses we drank the water.

13 Find out (**faigh amach**) if the children are asleep yet.

CEACHT 12

THE COPULA IS: CLASSIFICATION SENTENCES

THE COPULA IS

In translating sentences involving the verb "to be" expressing a temporary or accidental condition or position, we have used the verb **bí** in its various forms: **tá, fuil, bhí,** etc. But when we wish to classify, to state to which class or group a person or thing belongs, or to identify one definite person or thing with another, we use a different verb, **is** (rhymes with "miss"), called the copula because it joins two notions, the subject and the predicate.

Other verbs can be predicates or parts of predicates; **is**, however, is but a link to join subject and predicate. It is unstressed and cannot stand on its own in a sentence. Ordinarily it is placed before the predicate. There are but two simple forms: **is** for the present and **ba** for the past (and conditional mood). When in conjunction with **ní, an, nach,** the copula is suppressed. In Lesson 2 it was indicated that **é, í, iad,** are the forms of the personal pronouns used as objects of transitive verbs. They are also the forms used with the copula.

EMPHATIC FORMS OF PERSONAL PRONOUNS

	Pronoun	Emphatic Form	Pronoun	Emphatic Form
1	**mé**	**mise**	**sinn**	**sinne**
2	**tú**	**tusa**	**sibh**	**sibhse**
3	**sé (é)**	**seisean (eisean)**	**siad (iad)**	**siadsan (iadsan)**
	sí (í)	**sise(ise)**		

CLASSIFICATION SENTENCES

Is ainmhí madra.	A dog is an animal.
Is scoláire mise.	I am a student.
Ní dochtúir Seán Ó Briain.	John O'Brien is not a doctor.
Is breá an lá é.	It's a fine day.

The sentence order in the above examples is as follows: copula, predicate, subject. In classification sentences the predicate may not be a definite noun nor a personal pronoun. (A definite noun is a proper noun, or a noun preceded by the article or by a possessive adjective, or a noun followed by the demonstratives **seo, sin.**) The stress falls on the predicate. Further emphasis may be obtained by placing the word to be stressed initially and using the impersonal pronoun (formerly a neuter pronoun) **ea** as a temporary predicate following is:

Ainmhí is ea madra,
Scoláire is ea mise.
Dochtúir is ea Seán Ó Briain.

QUESTION AND ANSWER

The interrogative pronouns **Cad** (What), **Céard** (What) introduce questions which are answered by classification sentences.

Cad é sin?	**Is peann é.**	What is that?	It is a pen.
Cad é an rud é sin?	**Is leabhar é.**	What thing is that?	It is a book.
Céard é seo?	**Is mála é.**	What is this?	It is a bag.
Céard é rud é seo?	**Is bróg é.**	What thing is this?	It is a shoe.
Cad é an rud é iarann?	**Is miotal é.**	What thing is iron?	It is a metal.

Questions introduced by **an, nach:**

If the group or class is designated by a noun, that noun is not repeated in the answer; **ea** is used instead.

An peann luaidhe é?	**Is ea.** or **Ní hea.**	Is it a pencil?	Yes. or No.
Nach múinteoir Máire?	**Is ea.** or **Ní hea.**	Isn't Mary a teacher?	Yes. or No.

A more complete answer in the negative to the above would be as follows:

An peann luaidhe é?	**Ní hea, peann is ea é.**	No, it is a pen.
	Ní hea, ach peann.	No, but a pen.
Nach múinteoir Máire?	**Ni hea, banaltra is ea í.**	No, she is a nurse.
	Ní hea, ach banaltra.	No. but a nurse.

If in the question the predicate is adjectival, the adjective is repeated in the answer.

An fíor an scéal?	**Is fíor.**	Is the story true?	It is.
Nach breá an lá é?	**Is breá.**	Isn't it a fine day?	It is.

In answering a double question the noun designating the group or class is repeated in the answer:

An peann nó peann luaidhe é seo?	**Peann;** or **Peann is ea é.**
An múinteoir no banaltra Máire?	**Banaltra;** or **Banaltra is ea í.**

A question introduced by **Cé acu** (Which of them) is answered thus:

Cé acu peann nó peann luaidhe é seo?	Which is this, a pen or a pencil?
Peann is ea é.	It is a pen.
Ní peann ná peann luaidhe é; scian is ea í.	It's not a pen or a pencil; it is a knife
Ní peann ná peann luaidhe é, ach scian.	It's not a pen or a pencil but a knife.

FOCLÓIR

ainmhí, pl. ainmhithe	animal	**fáilte romhat**	welcome (to you)
aisteach	peculiar, queer	**féirín, pl. -í**	present
		fiáin	wild
álainn, go hálainn	beautiful	**fíor**	true
ar fad	altogether	**glasraí**	vegetables
bainisteoir, pl. -í	manager	**halla**	hall
banaltra (f), pl. -í	nurse	**iarann**	iron
beart, pl. -a	bundle, parcel	**luachmhar**	precious
		meacain dhearga	carrots
cad?	what?	**miotal**	metal
caife	coffee	**nó, ná**	or, nor
cáiliúil	famous	**oileán, pl. oileáin**	island
cathaoir (f), pl. -eacha	chair	**oinniún, pl. oinniúin**	onion
		ór	gold
céard?	what?	**práta, pl. -í**	potato
dearmad	forget	**scian (f), pl. sceana**	knife
deartháir, pl. -eacha	brother	**scoláire, pl. scoláirí**	student
deirfiúr (f), pl. -acha	sister	**scríbhneoir, pl. -í**	writer
		Seán Ó Sé	John O'Shea
dochtúir, pl. -í	doctor	**teilifíseán**	television set
Éire (f)	Ireland	**tráta, pl. -í**	tomato
		trua	pity
		Úna Ní Mháille	Una O'Malley

COMHRÁ

Daid: Fáilte romhat abhaile.
Mam: Go raibh maith agat. A Cháit, cuir na bearta ar an mbord.
Cáit: Bhí an-lá againn ag siopadóireacht. Féach ar na bearta go léir atá againn.
Daid: Cad iad sin sa mhála mór seo?
Mam: Is glasraí iad—trátaí, meacain dhearga, oinniúin, prátaí agus rudaí eile.
Daid: Cad é an rud é seo atá ag Cáit?
Cáit: Sin gúna nua a cheannaigh Mam dom. Nach bhfuil sé go hálainn?
Daid: Tá, go hálainn ar fad. Ach cá bhfuil an tobac?
Mam: Níor dhearmadamar é. Seo é. Tobac milis, nach ea?
Daid: Is ea. Go raibh maith agat. Is docha gur chaith sibh an t-airgead go léir.

AISTRIGH:

1 Ainmhí fiáin is ea leon.

2 An múinteoir d'athair? Ní hea, ach siopadóir.

3 Cad é an rud é sin sa bhosca mór atá sa halla?

4 Teilifíseán is ea é a cheannaigh m'athair inné.

5 Céard é sin atá i do láimh agat? Féirín a fuair mé ó mo dhearthair.

6 Cé acu tae nó caife atá sa chupán? Ní tae ná caife é, ach bainne.

7 Nach breá an aimsir atá againn anois? Is breá.

8 Is mór an trua nár tháinig Tomás abhaile liom.

Give suitable answers, both affirmative and negative, for 9 - 13.

9 Nach banaltra Úna Ní Mháille?

10 Nach scoláire maith Seámas?

11 An siopadóir nó bainisteoir Seán Ó Sé?

12 Nach aisteach an duine é?

13 Scríbhneoir cáiliúil is ea an duine sin, nach ea?

AISTRIGH:

1 John O'Brien is a farmer.

2 Ireland is an island.

3 Gold is a precious metal.

4 Are you a teacher? No, I am a student.

5 You are not teachers. You are students.

6 Isn't your sister a nurse? No, she is a doctor.

7 Isn't your brother a doctor? No, he is a dentist.

8 Isn't it a wet day? Yes.

9 It's a pity he didn't write.

10 What's that thing on the stool? A school bag.

11 And what's this on the chair? A rain coat.

12 Who left those things on the stool and on the chair? I did.

13 Is this a clock or a radio? It's a radio.

CEACHT 13

THE COPULA (CONT.): IDENTIFICATION SENTENCES

In identification sentences two things or persons are said to be the same. The subject is always definite and the predicate is rarely indefinite. A suitable pronoun is placed after the copulà in identification sentences.

Is mise an dochtúir.	I am the doctor.
Is tusa an múinteoir.	You are the teacher.
Is é sin é.	That is it.
Ní hiadsan iad.	It is not they.
Is é Tomás Ó Neill an fiaclóir.	Thomas O'Neill is the dentist.
Is í Máire Ní Dhónaill an bhanaltra nua.	Mary O'Donnell is the new nurse.
Is iad Nóra agus Una na cailíni sin.	Those girls are Nora and Una.

Introducing people:

Seo í Nora.	This is Nora.
Sin é Sean.	That is John.

QUESTION AND ANSWER

Cé (who) introduces questions that are answered by identification sentences (**Cé** prefixes **h** to **é, í, iad; cén** is written for **cé an**).

Cé hé tusa? (Is mise) Tomás Ó Broin.
Who are you? (I am) Thomas Byrne.
Cé hé sin? (Is é) Seán Ó Sé (é) or **(Is é sin) Seán Ó Sé.**
Who is that? (He is) John O'Shea or (That is) John O'Shea.
Cé hiad na páistí seo? (Is iad) Mo chlann féin (iad).
Who are those children? (They are) My own family.
Cén lá den tseachtain é? (Is é) An Domhnach (é).
What day of the week is it? (It is) Sunday.

QUESTIONS BEGINNING WITH AN, NACH

An tusa Máire? Is mé or **Ní mé.** Are you Mary? Yes or no.
Nach eisean Seán? Is é or **Ní hé.** Isn't he John? Yes or no.
An í sin Nora? Is í or **Ní hí.** Is that Nora? Yes or no.
An iad sin na páistí? Is iad or **Ní hiad.** Are those the children? Yes or no.
An é Pádraig Mac Gearailt an múinteoir? Ní hé, is é an príomhoide é or **Ní hé, ach an príomhoide.**
Is Patrick Fitzgerald the teacher?
No, he is the principal or
No, but the principal.

COPULA: PAST TENSE

As indicated in the previous lesson,is is suppressed after the particles **an, ní, nach.** The form of the copula in the past (and conditional mood) is **ba** or **b'** before a vowel or **f** followed by a vowel. (**Ba,** however, is used before **é, í, iad, eisean, ise, iadsan, ea.**) The forms of the particles with the past are as follows: **ar (arbh): nior (niorbh); nar (narbh).** Note the aspiration in the past tense.

PRESENT	PAST
Is madra mór é.	**Ba mhadra mór é.**
An madra beag é?	**Ar mhadra beag é?**
Nach madra dubh é?	**Nar mhadra dubh é?**
Ní madra óg é.	**Nior mhadra óg é.**
Is ea; ní hea.	**Ba ea; níorbh ea.**
Cé hé sin?	**Cérbh é sin?**
Is álainn an lá é.	**B'álainn an lá é.**
Ní hé m'athair é.	**Niorbh é m'athair é.**
Nach amadán é?	**Narbh amadán é?**

FOCLÓIR

amadán, pl. **amadáin**	fool
anlann	condiment, sauce
ar dtús	at first
bail ó Dhia	blessing of God
Baile Átha Cliath	Dublin
bliain (f), pl. **blianta**	year
buaigh, v.n. **buachan**	win
buail, v.n. **bualadh**	strike, knock
captaen, pl. captaein	captain
ceart	right, correct
chonaic, past of **feic**	saw
cuairteoir, pl. **-i**	visitor
cúpla	couple
éigin	some
fear an phoist	mailman
foirgneamh	building
gaoth (f)	wind
go deo	forever
inion (f)	daughter
Máire Ní hÓgáin	Mary Hogan
olc	bad
Pádraig Mac Gearailt	Patrick Fitzgerald
póca, pl. **-í**	pocket
príomhchathair (f)	capital
rás, pl. **-aí**	race
rua	red
rúnaí	secretary
Seán Ó Broin	John Byrne
Seán Ó Suilleabháin	John Sullivan
séasúr. pl. séasúir	season
séid, v.n. séideadh	blow
strainséir, pl. **-í**	stranger
teach scoile	school house
teileafón	telephone
Tomás Ó Donaill	Thomas O'Donnell

COMHRÁ



Mam: Seo na cuairteoirí, Aintín Nóra agus an chlann. Fáilte romhaibh.
Nóra: Bail ó Dhia anseo isteach. Conas atá sibh go léir?
Mam: Go maith, go raibh maith agat. Is fada ó chonaiceamar thú.
Nóra: Tá, cúpla bliain.
Mam: Nach breá na páistí iad, bail ó Dhia orthu.
Nóra: Tá siad go leír ag fás.
Mam: Cé hí seo? Ní hí Úna í?
Nóra: Is í; cailín mór anois í.
Mam: Agus an é seo Seán Óg?
Nóra: Ní hé, is é Tomás é. Sin é Seán Óg ag an doras.

AISTRIGH: Give suitable answers to questions 1 - 5:

1 **Nach é sin fear an phoist ag an doras?**

2 **Nach tusa an captaen?**

3 **An é Tomás Ó Dónaill d'athair?**

4 **Nach í an cailín rua sin do dheirfiúr?**

5 **An iad sin na leabhair a cheannaigh mé inné?**

6 **Is í Baile Átha Cliath príomhchathair na hÉireann.**

7 **Arbh é Seán Ó Briain a bhuaigh an rás? Ba é (Níorbh é).**

8 **Nárbh é an madra a chonaic an strainséir ar dtús? Ba é (Níorbh é).**

9 **Nach í Máire Ní hÓgáin an bhanaltra nua? Ní hí, is í an dochtúir nua í.**

10 **Is é do phóca do chara. (seanfhocal)**

11 **Is maith an t-anlann an t-ocras. (seanfhocal)**

12 **Is olc an ghaoth nach seídeann do dhuine éigin. (seanfhocal)**

13 **Is é do mhac do mhac inniu, ach is í d'iníon d'iníon go deo.(seanfhocal)**

AISTRIGH:

1 Who are you? I am John O'Malley, the new manager.

2 Is that lady the new secretary? Yes (No).

3 Who are these children? They are my family.

4 Isn't that your picture on the wall? Yes (No).

5 Isn't that red building the school house? Yes (No).

6 Who was that on the telephone? (It was) Una.

7 Who was that red-haired girl? (That was) my sister.

8 Wasn't that the mailman who knocked on the door? Yes (No).

9 That isn't the right book for this lesson.

10 What day of the week is it? (It is) Saturday.

11 What season of the year was it? (It was) winter.

12 That was the old woman, wasn't it? Yes (No).

13 It was a great pity you didn't come with me.

CEACHT 14

COPULA FOR PURPOSES OF EMPHASIS: IDIOMS WITH PREPOSITIONAL PRONOUNS

EMPHASIS

Constructions with the copula can be used to emphasize words or parts of sentences. Consider the following sentence:

Chuaigh bean an tí go dti an chathair inné ag siopadóireacht.
The housewife went shopping to the city yesterday.

By casting the sentence into the copula mode we can emphasize distinct elements:

i. **Is í bean an tí a chuaigh go dtí an chathair inné ag siopadóireacht.**
ii. **Is go dtí an chathair a chuaigh bean an tí ag siopadóireacht inné.**
iii. **Is inné a chuaigh bean an tí go dtí an chathair ag siopadóireacht.**
iv. **Is ag siopadóireacht a chuaigh bean an tí go dtí an chathair inné.**

COPULA WITH PREPOSITIONS AND PREPOSITIONAL PRONOUNS

Lesson 7 introduced the idea of prepositional pronouns derived from the prepositions **ag, ar, le**. These prepositional pronouns are repeated here with the emphatic forms obtained by the suffixes **-sa** (**-se**), **-san** (**-sean**), etc.

1	**agamsa**	**ormsa**	**liomsa**
2	**agatsa**	**ortsa**	**leatsa**
3	**aigesean**	**airsean**	**leisean**
	aicise	**uirthise**	**léise**
1	**againne**	**orainne**	**linne**
2	**agaibhse**	**oraibhse**	**libhsa**
3	**acusan**	**orthusan**	**leosan**

OWNERSHIP WITH PREPOSITION LE

The sentence, **Is le Pádraig an leabhar** (literally, It is with Patrick the book) translates such sentences as:

The book is Patrick's.
Patrick owns the book.
The book belongs to Patrick.

Is liomsa an cóta sin.	That coat is mine.
Nach leatsa an caipín seo?	Isn't this your cap?
Ba le Nóra an hata nua.	The new hat was Nora's.
Cé leis an peann?	Who owns the pen? (Lit. Who is it, with whom is the pen?)

In answering questions the preposition or prepositional pronoun is repeated in the answer.

Cé leis an mála seo? Is le Tomás é. Who owns the bag? It belongs to Thomas.
An leatsa an gúna sin? Is liomsa é. Is that your dress? Yes or It is mine.
Nach le m'athair an gunna? Is leis. Isn't the gun my father's? Yes or it is his.

Answers to the above in the negative would be as follows:

Ní le Tomás e; Ní liomsa é; Ní leis.

COPULA WITH OTHER PREPOSITIONS AND PREPOSITIONAL PRONOUNS

Cé aige a bhfuil an peann? Is ag Seán atá sé.
Who is it, at whom, is the pen? It's at John (John has it).

Cé air an raibh an cóta báistí? Ba ar Thomás a bhí sé.
Who is it, on whom, was the raincoat? It was on Thomas it was.

Nach ormsa a bhí an t-áthas nuair a chuala mé an scéal.
Wasn't it on me there was joy when I heard the story.

Cad leis a bhuail tú é? Le bata (a bhuail mé é).
With what did you strike it? With a stick (I struck it).

COMHRÁ



Príomhoide: A pháistí, seo í Iníon Ní Bhriain, an múinteoir nua.
Scolairí: Fáilte romhat, a Iníon Ní Bhriain.
Múinteoir: Go raibh maith agaibh, a leanaí.
Róisín: Is mise Róisín Ní Dhuibhir. Agus seo é mo dhearthár, Seámas.
Muínteoir: Tá áthas orm aithne a chur oraibh. Agus cé hé tusa?
Niall: Is mise Niall Ó Donaill.
Múinteoir: Nach é Tadhg Ó Dónaill, an siopadóir, d'athair?
Niall: Is é. Seo í mo dheirfiúr, Síle.
Múinteoir: Agus an cailín seo? Is tú Máire Ní hÓgáin. Nach múinteoir do mháthair?
Máire: Is ea. Bíonn sí ag múineadh sa scoil seo.
Muínteoir: Tá tú an-chosúil léi.

FOCLÓIR

aithne (f) knowledge
aithne a chur to know
bata stick
buail le meet
caint (f) talk
ag caint talking
chuaigh, went
p. of **téigh**
chuala, heard
p. of **clois**
cloch (f) stone
cosúil le like (to)
cúinne corner
duais (f) prize, reward
fáilte (f) welcome
gúna dress
gunna gun
Iníon Ní Bhriain Miss O'Brien
leanaí, children
pl. of **leanbh**
Niall Ó Donaill Niall O'Donnell
páiste, child
pl. **páistí** children
Róisín Ní Dhuibhir Rose Dwyer
romhat before you
fáilte romhat welcome!

AISTRIGH:

1 **Bhris Seán Óg an fhuinneog le cloch inné.**

2 **Is é Seán Óg a bhris an fhuinneog le cloch inné.**

3 **Is í an fhuinneog a bhris Seán Óg le cloch inné.**

4 **Is le cloch a bhris Seán Óg an fhuinneog inné.**

5 **Is inné a bhris Seán Óg an fhuinneog le cloch.**

6 **Cé leis an carr nua seo? Is le Tomás Ó Broin é.**

7 **An leosan an teach mór sin? Is leo. Ní leo.**

8 **Cé aige a raibh an eochair? Is agamsa a bhí sí.**

9 **Cad air a raibh sibh ag caint? (Bhíomar ag caint) ar an gcluiche.**

10 **Is ag dul ag obair a bhí mé nuair a bhuail mé le Micheál.**

11 **An ag dul go dtí an siopa atá tú anois?**

12 **Ní hea; is ag dul ag obair atá mé.**

13 **Féach ar an teach breá sin ag an gcúinne. Ba le Muintir Neill é ach is ag Liam Ó Dónaill atá sé anois.**

AISTRIGH:

1-5 My father bought this new car in the city yesterday. (Recast the same idea in the copula mode emphasizing the following elements: my father; this new car; in the city; yesterday.

6 Who owns that raincoat? It's mine. It's yours. It's Mary's.

7 Who has that pen and pencil? I have. You have. They have.

8 With what did you write that letter - pen or pencil? With a pen.

9 On whom did you place the cap? On Thomas.

10 Is that today's paper (**páipéar an lae inniu**)? Yes. No.

11 It was a great pity the day was wet.

12 It was a good thing you stayed at home today.

13 Was it Nora who won the prize? Yes.

CEACHT 15

REVIEW:

COMHRÁ

Pádraig: An leatsa na leabhair nua seo, a Sheámais?
Seámas: Is liom. Bhí mé sa chathair inniu agus cheannaigh mé roinnt leabhar.
Pádraig: Cén saghas leabhar iad?
Seámas: Leabhair Ghaeilge, leabhair Bhéarla agus cúpla ceann eile.
Pádraig: Feicim go bhfuil úrscéal, cnuasach gearrscéalta agus beathaisnéis agat.
Seámas: Tá. Féach ar an leabhar mór seo.
Pádraig: An leabhar Gaeilge nó leabhar Béarla é.
Seámas: Ní leabhar Gaeilge ná leabhar Béarla é ach foclóir Laidne.

1 **Bhuaigh Seán an chéad duais sa rás inniu.**

Recast the idea in the above sentence into the copula mode, emphasizing, in turn, each of the following elements:
Seán, **an chéad duais,** **rás,** **inniu.**

2 Write the following sentences in the past tense:

i **An bhanaltra Máire? Is ea.**
ii **Nach dochtúir Brian? Ní hea.**
iii **Is mór an trua é.**
iv **Nach olc an scéal é? Is olc.**
v **An é sin fear an phoist ag an doras?**
vi **Ní hé. Is é an garda síochána é.**

3 Translate the following:

i	**chuir mé,**	**ar chuir mé?**	**nár chuir me?**	**cár chuir mé?**
ii	**d'ólamar,**	**ar ólamar?**	**nár ólamar?**	**cár olamar?**
iii	**scríobh sibh,**	**ar scríobh sibh,**	**nár scríobh sibh?**	**cár scríobh sibh?**
iv	**d'éirigh sí,**	**ar éirigh sí,**	**nár éirigh sí?**	**cár éirigh sí?**

4 Translate the following:

i **Bí i do thost nuair a bhíonn duine eile ag caint.**

ii **Cá raibh tú i do chónaí nuair a bhí tú óg?**

iii **Is ina codladh a bhí bean an tí.**

iv **Cé acu inár suí no inár seasamh atáimid?**

v **Nach bhfuil sé ina lá fós?**

5 Translate the following:

i **Cé acu leabhar a cheannaigh tú sa siopa?**

ii **Cad ina thaobh gur cheannaigh tú an leabhar sin?**

iii **Cé leis a raibh tú ag caint?**

iv **Cad air a raibh sibh ag caint?**

v **Ba liomsa an cóta báistí sin.**

FOCLÓIR

bain de	take from	**gléigeal**	pure white
bainfidh...dinn	will take from us	**gearrscéal**, pl. **-ta**	short story
beathaisnéis (f)	biography	**Laidin** (f), g. **Laidne**	Latin
buí	yellow, golden		
céad, an chéad	first	**luí na gréine**	sunset
cnuasach	collection	**nóinín**	daisy
coill (f), pl. **-te**	wood	**post**	mail, post
cóill chraobhach	leafy wood	**fear an phoist**	mailman
cúpla ceann eile	a couple of others	**roinnt** (f)	share, some
foclóir	dictionary	**saghas**	kind, sort
gamhain (f), pl. **gamhna**	calf	**socraigh**, v.n. **socrú**	settle
garda síochána	civic guard	**úrscéal**	novel

AMHRÁN

THUGAMAR FÉIN AN SAMHRADH LINN

Thugamar féin an samhradh linn,
Thugamar féin an samhradh linn.
Thugamar linn é is cé bhainfidh dínn é?
Thugamar féin an samhradh linn.

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí na nóinín gléigeal,
Thugamar féin an samhradh linn.

Thugamar linn é ón gcoill chraobhach,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí ó luí na gréine,
Thugamar féin an samhradh linn.

CEACHT 16

IRREGULAR VERBS - PAST TENSE:

IRREGULAR VERBS

There are in Irish a small number of irregular verbs and, as in other languages, they are among the verbs most commonly used. They show changes in the root form in various tenses. Below are given the irregular verbs in the past, independent and dependent forms; verbal nouns are also given.

	ROOT	INDEPENDENT	DEPENDENT	VERBAL NOUN
say	**abair**	**dúirt mé**	**ní dúirt mé**	**rá**
carry	**beir**	**rug mé**	**níor rug mé**	**breith**
be	**bí**	**bhí mé**	**ní raibh mé**	**bheith**
hear	**clois**	**chuala mé**	**níor chuala mé**	**cloisteáil**
do	**déan**	***rinne mé**	***ní dhearna mé**	**déanamh**
get	**faigh**	**fuair mé**	**ní bhfuair mé**	**fáil**
see	**feic**	**chonaic mé**	**ní fhaca mé**	**feiceáil**
give	**tabhair**	**thug mé**	**níor thug mé**	**tabhairt**
come	**tar**	**tháinig mé**	**níor tháinig mé**	**teacht**
go	**téigh**	**chuaigh mé**	**ní dheachaigh mé**	**dul**

*(The forms **dhein mé** and **níor dhein mé** are acceptable forms.)

The primary forms of the particles **ní, an, nach, cá,** etc. are used before the past tense except in the cases of **rug, thug, tháinig and chuala.** Note the distinct dependent forms of **bhí, rinne, chonaic and chuaigh.**

The use of the past tense of these irregular verbs will be introduced gradually into the succeeding lessons.

VERBAL ADJECTIVE

The verbal adjective or past participle is usually formed by attaching the endings **-ta/ -tha or -te/ -the** to the stem of the verb according as it is broad or slender (the **t** of the ending is aspirated after stems ending in **b, bh, c, g, m, f, r, t**): **dún, dúnta,** shut; **fág, fágtha,** left; **bris, briste,** broken; **beir, beirthe,** caught. In verbs such as **ceannaigh,** buy, **bailigh,** gather, the **-igh** of the stem is dropped before the ending:

ceannaithe, bailithe.

Tá na leabhair bailithe ach níl an doras dúnta fós.
The books are gathered but the door isn't shut yet.

COMHRÁ



Pól: Dia duit, a Pheadair. Cá raibh tú?
Peadar: Dia is Muire duit, a Phóil. Bhí mé ar saoire.
Pól: Sin mar a cheap mé. Ní fhaca me le cúpla seachtain thú.
Peadar: Thug mé an bhean agus an chlann go dtí an Spáinn.
Pól: Ba dheas sin. Is dócha go raibh am breá agaibh.
Peadar: Ó bhí. Bhí an aimsir go hálainn; an ghrian ag taitneamh gach lá. Chuamar go dtí na cathracha móra.
Pól: Cathain a tháinig sibh abhaile?
Peadar: Tráthnóna inné. Is deas é bheith sa bhaile arís.

FOCLÓIR

abair, v.n. **rá**	say
ag caint	conversing, talking
ag iascach	fishing
airgead poca	pocket money
anuas	down from above
ardán	height, platform
bearr, v.n. **bearradh**	clip, cut, shave
beir, v.n. **breith**	catch, take, carry
bheith, v.n. of **bí**	to be
breac, pl. **bric**	trout, fish
ceap, v.n. **ceapadh**	think, appoint
chuaigh, p. of **téigh**	went
chuala, p. of **clois**	heard
clois, v.n. **cloisteáil**	hear
culaith (f)	suit
culaith éadaigh	suit of clothes
deachaigh, p. dep. of **téigh**	went
déanamh, v.n.	doing
dearna, p. dep. of **déan**	did
faca, p. dep. of **feic**	saw
faid (f)	length, distance, duration
an fhaid	while
feiceáil v.n. of **feic**	seeing, sight
feitheamh v.n.	waiting
fuair, p. of **faigh**	got
garáiste	garage
nuachtán	newspaper
oifig (f)	office
rinne, p. of **déan**	did
saoire (f)	vacation
ar saoire	on vacation
scata	group
stáisiún traenach	railroad station
tabhair, v.n. **tabhairt**	give
taitin, v.n. **taitin**	shine, please
tar, v.n. **teacht**	come
tháinig, p. of **tar**	came

AISTRIGH:

1 Thug tú; rugamar; tháinig siad; chuaigh sí; chonaic mé

2 Níor thug tú; níor rugamar; níor tháinig siad; ní dheachaigh sí; ní fhaca mé

3 Chuaigh scata againn go dtí na pictiúir inné.

4 Níor tháinig Pól linn mar bhí airgead póca na seachtaine caite aige.

5 Chuaigh m'athair ag iascach inné ach níor rug sé ar aon bhreac.

6 Maidin inné d'éirigh fear an tí go moch. Nígh sé agus bhearr sé é féin. Chuir sé a chulaith éadaigh air. Tháinig sé anuas an staighre go dtí an chistin. An fhaid a bhí an bricfeasta á ithe aige bhí sé ag caint lena bhean chéile agus leis na leanaí. Nuair a bhí an bricfeasta ite aige rug sé ar a mhála agus ar a chóta baistí agus chuaigh sé amach go dtí an garáiste. Thiomáin sé an carr go dtí an stáisiún traenach. Chonaic sé a lán dá chairde ag feitheamh ar an ardán. Cheannaigh sé nuachtán. Thug an traein go dtí an chathair é agus shiúil sé go dti an oifig.

(As a further exercise write the above in the first and second persons.)

AISTRIGH:

1 They gave; you came; he carried; she saw; we went.

2 They didn't give; you didn't come; he didn't carry; she didn't see; we didn't go.

3 When I came; when they saw; when we took.

4 Did you eat yet? Did John drink the water? Did Mary see the picture?

5 The day I went home; the book you bought yesterday; the coat you took with you.

6 When did St. Patrick come to Ireland?

7 Did you go to the football game yesterday?

8 No, but I saw it on television,

9 Did you not catch any fish when you were fishing?

10 Did you see who was at the door?

11 Is it going home you are now?

12 Was that Mrs. O'Neill I saw talking to you?

13 Didn't you see the paper today yet?

CEACHT 17

PREPOSITIONAL PRONOUNS AND SOME IDIOMATIC CONSTRUCTIONS WITH LE, DO, Ó.

PREPOSITIONAL PRONOUNS

The idea of prepositional pronouns was introduced in Ceacht 7, i.e., the prepositional pronouns formed from **ag**, at, **ar**, on and **le**, with. As the prepositional pronouns occur frequently and are found in many idiomatic expressions it will be convenient to give a listing of the ones most commonly used.

chuig, to	**de**, from	**do**, to, for	**faoi**, under	**i**, in	**ó**, from	**roimh**, before
1 chugam	**díom**	**dom**	**fúm**	**ionam**	**uaim**	**romham**
2 chugat	**díot**	**duit**	**fút**	**ionat**	**uait**	**romhat**
3 chuige	**de**	**dó**	**faoi**	**ann**	**uaidh**	**roimhe**
chuici	**di**	**di**	**fúithi**	**inti**	**uaithi**	**roimpi**
1 chugainn	**dínn**	**duinn**	**fúinn**	**ionainn**	**uainn**	**romhainn**
2 chugaibh	**díbh**	**daoibh**	**fúibh**	**ionaibh**	**uaibh**	**romhaibh**
3 chucu	**díobh**	**dóibh**	**fúthu**	**iontu**	**uathu**	**rompu**

Emphatic forms for the above are formed when suffixes (see Ceacht 14) **-sa (-se), -san (-sean), -ne** are added:

(a) **uaimse, uaitse, uaidhsean, uaithise, uainne, uaibhse, uathusan.**
(b) **domsa, duitse, dósan, dise, duinne, daoibhse, dóibhsean.**

IDIOMATIC EXPRESSIONS

Certain idiomatic expressions involving prepositions are very common. The notions of "having", "owning", "liking", "preferring", "wanting", "owning", are translated as follows:

Tá leabhar agam	Lit: There is a book at me.	I have a book.
Is liom an leabhar.	Lit: It's with me, the book.	I own the book.
Is maith leis caife.	Lit: It's good with him, coffee.	He likes coffee.
Is fearr léi tae.	Lit: It's better with her, tea.	She prefers tea.
Tá peann uaim.	Lit: There is a pen from me.	I want a pen.
Tá punt ag Seán orm.	Lit: There's a pound at John on me.	I owe John a pound.

There is an interesting contrast between the uses of **le** and **do** with a predicate adjective after the copula: **le** expresses an opinion, liking; **do** a fact.

Is maith liom bainne.	I like milk.
Is maith dom bainne.	Milk is good for me.
Is maith liom toitíni ach ní maith dom iad.	I like cigarettes, but they are not good for me.

The verbs **taitin**, please, and **teastaigh**, be wanted, needed, are used in the 3rd person with **le** and **ó** respectively:

Thaitin an áit sin liom.	That place pleased (agreed with) me.
Theastaigh peann agus páipéar uaim.	I needed pen and paper.

COMHRÁ



Leabharlannaí: Fáilte romhat, a Cháit. Ag lorg leabhar atá tú?
Cáit: Is ea. Táim ag breith na leabhar seo ar ais.
Leabharlannaí: Cén saghas leabhar atá uait?
Cáit: Níl a fhios agam. Leabhar suimiúil éigin.
Leabharlannaí: Seo leabhar staire duit.
Cáit: Ní maith liom an stair; is fearr liom leabhar románsach.
Leabharlannaí: Tá go leor acu ar an seilf úd thall.
Cáit: Tá leabhar adhmadóireachta ag teastáil ó m'athair.
Leabharlannaí: Tá go maith. Tá roinnt mhaith díobh sin againn.

FOCLÓIR

adhmadóireacht (f)	woodwork, carpentry
anuraidh	last year
ar ais(= **thar n-ais**)	back
cara, pl. **cairde**	friend
chuig	to, towards
clár	board, program
Críostaíocht (f)	Christianity
dath, pl. **-anna**	color
deacair	hard, difficult
deoch, pl. **-anna**	drink
duine, pl, **daoine**	person
eachtraíocht (f)	adventure
fearr, comp. of **maith**	better
go leor	plenty
leabharlannaí	librarian
ag lorg	looking for
mar sin	therefore
	even so
pá	pay
pingin (f), pl. **-í**	penny
post	position
raidió	radio
roimh	before
seilf (f), pl. **-anna**	shelf
stair (f), g. **-e**	history
suimiúil	interesting
teanga (f), pl. **-cha**	tongue, language
teastaigh, v.n. **teastáil**	be wanted, need
thall	over, beyond
tionóisc (f)	accident
toitín, pl. **-í**	cigarette
turas, pl. **turais**	journey, trip
úd	yon, yonder

AISTRIGH:

1 **An maith leat tae? Nach maith leat caifé?**

2 **Cad atá uait, a Sheáinín? Tá deoch uisce uaim, más é do thoil é.**

3 **Seo deoch bainne duit. Is fearr duit é ná an t-uisce.**

4 **Cé acu is fearr leat, an teilifís no an raidió? Is fearr liom an teilfís**

5 **Cé acu gúna is fearr leat, a Nóra; an ceann gorm nó an ceann bán?**

6 **Cé leis an cóta baistí sin atá ar an gcathaoir? Is le Tomás é.**

7 **Cé leis a nduirt tú an scéal sin? Duirt mé le mo mháthair é.**

8 **Cheannaigh Peadar leabhar uaim ach níor thug sé aon airgead dom fós. Mar sin, tá dollar agam air.**

9 **Thug mé turas ar Éirinn anuraidh. Thaitin an tír go breá liom.**

10 **Nuair a theastaigh airgead ó Sheán níor thug aon duine dá chairde pingin dó.**

11 **Thit Seán Óg den rothar mar ní fhaca sé an chloch mhór ar an mbóthar roimhe.**

12 **Fuair sé pá maith as an obair a rinne sé don siopadóir.**

13 **Conas a thaitin an post nua a fuair tú leat?**

AISTRIGH:

1 What do you want now?

2 Mary likes tea but her father prefers coffee.

3 Which color (**dath**) do you prefer: blue or green? I prefer green.

4 We need pens, pencils and books.

5 Cigarettes are not good for a person (**duine**).

6 Did you see the new car I got?

7 My father saw the accident (**tionóisc**) on the road this morning.

8 It was St. Patrick who brought Christianity to Ireland. (use copula mode)

9 It was the child who got the present. (use copula mode)

10 It wasn't Pat who got the first prize; it was Tom. (use copula mode)

11 I would like to learn Irish but it is a difficult language.

12 From whom did you learn the story? From my father.

13 Did you like the program (**clár**) that was on television last night?

CEACHT 18

EXPRESSIONS AND IDIOMATIC CONSTRUCTIONS WITH PREPOSITION AND PREPOSITIONAL PRONOUNS

A glance at a dictionary will show that Irish is a noun-centered language. Where other languages use simple verbs to express certain common ideas, Irish uses a phrase usually containing one of a few basic verbs (bí, déan, faigh etc.) and a preposition. Phrases like "I love", "I fear" are translated by the substantive verb, noun, and preposition or prepositional pronoun.

Tá grá agam do...	Lit. There is love at me for...
Ta eagla orm roimh...	Lit. There is fear on me before...

The dictionary and grammar will reveal the wealth of such constructions. A few are given here to acquaint the learner with such expressions. The prepositions or prepositional pronouns follow (i) nouns, (ii) adjectives, (iii) verbs.

FOLLOWING NOUNS:

respect	**meas...ag...ar**	**Bíonn meas ag gach duine ar an bhfear macánta.**(honest)
knowledge	**eolas...ag...ar**	**Níl aon eolas agam ar an áit sin.**
affection	**cion...ag...ar**	**Tá cion ag an múinteoir ar na scoláirí.**
love	**grá...ag...do**	**An bhfuil grá ag Úna do Sheán?**
pity	**trua...ag...do**	**Bíonn trua ag na daoine do na daoine bochta.**
trust	**iontaoibh...ag...as**	**Ní bhionn iontaoibh agam as na polaiteoirí.** (politicians)
fear	**eagla...ar...roimh**	**Tá eagla ar an bpáiste roimh an madra.**

FOLLOWING ADJECTIVES:

proud	**bródúil as**	**Bhí Seán bródúil as an ngaisce** (deed) **a rinne sé.**
thankful	**buíoch de**	**Tá mé buíoch díot.**
knowledgeable	**eolach ar**	**An bhfuil tú eolach ar an ábhar** (subject) **sin?**
suitable	**oiriúnach do**	**Ní raibh an cóta sin oiriúnach don chailín.**
necessary	**riachtanach do**	**Tá an t-uisce riachtanach don bheatha** (life).

FOLLOWING VERBS:

bain...le	touch, interfere	**Ná bain leis an rud nach mbaineann leat.**
buail...le	meet with	**Cár bhuail sibh le chéile?**
cuir...faoi	settle down	**Chuir Pádraig faoi sa chathair.**
guigh...ar	pray for	**Guigh orainn.**
iarr...ar	request	**D'iarr sí orm an doras a oscailt.**
fiafraigh...de	ask, inquire	**D'fhiafraigh an múinteoir díom cá raibh mo dhearthair.**

OTHER IDIOMATIC EXPRESSIONS:

Constructions such as **is feidir liom**, I can, am able, **ni folair dom**, I must, **is doigh liom**, I think, are usually followed by a verbal noun or subordinate construction.

Is feidir leat dul abhaile anois.	You may go home now.
Ni folair dom an leabhar sin a leamh.	I must read this book.
Is doigh liom go bhfuil an buachaill tinn.	I think the boy is sick.

COMHRA



Colm: A Dhonaill, an raibh tu ag an gcruinniu areir?
Donall: Bhi. Ni fhaca me tusa ann.
Colm: Ni maith liom an pholaitiocht. Nil aon mheas agam ar na polaiteoiri.
Donall: Is trua sin. Fear maith is ea Sean O Se. Ta iontaoibh ag gach duine as.
Colm: Bhuail me leis uair amhain nuair d'iarr se orm vota a thabhairt do.
Donall: Is doigh liom go bhfuil se an-oiriunach don Dail.
Colm: B'fheidir go bhfuil.

FOCLÓIR

arsa defect.verb	says, said
céad	hundred
Ceilteach, pl. **Ceiltigh**	Celt
creid, v.n. **creidiúint**	believe
cruinniú, pl. **cruinnithe**	meeting
dáil (f), pl. **dálaí**	assembly
Dáil Éireann	Irish Parliament
dúchas	instinct, nature
tír dhúchais	native country
fáilte...roimh	welcome
faoi leith	special
iascach. v.n. of **iasc**	fishing
míle, pl. **mílte**	thousand
obair bhaile	homework
ospidéal, pl. **ospidéil**	hospital
polaiteoir, pl. **-í**	politician
polaitíocht (f)	politics
rómhar, v,n. of **rómhair**	dig
taibhse (f), pl. **taibhsí**	ghost

AISTRIGH:

1 **Céad míle fáilte romhat (romhaibh) go hÉirinn.**

2 **An raibh aithne agat ar an bhfear sin?**

3 **An mbíonn eagla ar dhaoine roimh taibhsí?**

4 **Chuir na Ceiltigh fúthu in Éirinn.**

5 **D'iarr Tomás orm dul ag iascach leis ar an Satharn.**

6 **"Is dóigh liom go bhfuil obair faoi leith le déanamh agam," arsa mise.**

7 **"Ní féidir liom dul leat mar tá an gairdín le rómhar agam," arsa mise.**

8 **"Ní foláir dom dul liom féin, mar sin," arsa Tomás.**

9 **Bhuail mé le Nóra ar an sráid agus bheannnaíomar dá chéile.**

10 **Nach mbíonn grá ag gach duine dá (do + a) thír dhúchais?**

11 **Nuair a bhíonn tinneas ar dhuine ní foláir dó fanacht sa leaba.**

12 **Ní dóigh liom go bhfuil an post sin oiriúnach do Thadhg.**

13 **Ní bhíonn meas ar an arán a itear** (is eaten) **(seanfhocal).**

AISTRIGH:

1 Drink this milk; it is good for you.

2 I prefer tea to coffee.

3 Do you know that place?

4 I think it is in the city **(is dóigh liom...)**

5 The little child is afraid of the big dog.

6 I pity the people who are sick in hospital.

7 Why do you not trust the politicians?

8 They were surprised when they saw me.

9 They did not expect me until Sunday.

10 Nora asked me to go shopping with her.

11 "I cannot go with you; I must finish this homework," said I.

12 Patrick heard the story on the radio but he didn't believe it.

13 Did you see the new program on television last night?

CEACHT 19

REGULAR VERBS - PRESENT TENSE: NUMERALS 1-20

REGULAR VERBS - PRESENT TENSE

In the present tense regular verbs of the first conjugation such as the slender verb **bris**, break, the broad verb **dun**, shut, and **bailigh**, gather, of the second conjugation are declined as follows:

PRESENT TENSE

1 brisim (briseann mé)	**dúnaim (dúnann mé)**	**bailím (bailíonn mé)**
2 briseann tú	**dúnann tú**	**bailíonn tú**
3 briseann sé, sí	**dúnann sé, sí**	**bailíonn sé, sí**
1 brisimid	**dúnaimid**	**bailímid**
2 briseann sibh	**dúnann sibh**	**bailíonn sibh**
3 briseann siad	**dúnann siad**	**bailíonn siad**

The particle **ní** aspirates, **an, nach, cá** etc. eclipse the initial of the verb.

NUMERALS: CARDINALS (a) WITHOUT NOUNS, (b) WITH NOUNS

(a)		(b)	
0 náid		**1 aon chat amháin**	
1 aon	**11 aon déag**	**cat amháin, cat**	**11 aon chat déag**
2 dó	**12 dó dhéag**	**2 dhá chat**	**12 dhá chat déag**
3 trí	**13 trí déag**	**3 trí chat**	**13 trí chat déag**
4 ceathair	**14 ceathair déag**	**4 ceithre chat**	**14 ceithre chat déag**
5 cúig	**15 cúig déag**	**5 cúig chat**	**15 cúig chat déag**
6 sé	**16 sé déag**	**6 sé chat**	**16 sé chat déag**
7 seacht	**17 seacht déag**	**7 seacht gcat**	**17 seacht gcat déag**
8 ocht	**18 ocht déag**	**8 ocht gcat**	**18 ocht gcat déag**
9 naoi	**19 naoi déag**	**9 naoi gcat**	**19 naoi gcat déag**
10 deich	**20 fiche**	**10 deich gcat**	**20 fiche cat**

In counting or telling time **a** is placed before the numeral:

a haon, a dó, a trí etc.; a dó a chlog, a deich a chlog, etc.

The singular of the noun is used after the numeral; **dhá, trí, ceithre, cúig, sé** aspirate, **seacht, ocht, naoi, deich** eclipse.

A few nouns like **bliain**, year, **ceann**, head, one (of things, animals) use the plurals after the numerals 3-10: **sé bliana d'aois**, six years old; **trí cinn déag**, thirteen (head).

Some phrases involving numerals:

1 + 1 = 2	**A haon is a haon, sin a dó.**
17 - 13 = 4	**A trí déag ón seacht déag, sin a ceathair.**
8 x 2 = 16	**A hocht faoina dó, sin a sé déag.**
20 / 4 = 5	**A fiche ar a ceathair, sin a cúig.**

COMHRÁ



Máthair: Brostaigh ort, a Thomáis, nó beidh tú deánach don scoil.
Tomás: Tá sé luath go leor fós. De réir m'uaireadóra níl sé a hocht fós.
Máthair: Tá sé níos déanaí. Féach ar chlog na cistine.
Tomás: Ó, tá sé ceathrú tar éis a hocht.
Máthair: Tosaíonn an scoil ar leathuair tar éis a hocht.
Tomás: Glaonn an múinteoir an rolla ansin. Cuireann sé pionós orainn má bhímid déanach.
Máthair: Ar aghaidh leat mar sin. Beannacht Dé leat.

FOCLÓIR

am	time	**nóiméad**	minute, moment
amhain	one, only	**ollamh**, pl. **olluna**	professor
ar aghaidh leat	go ahead	**pionós**	penalty, punishment
brostaigh ort	hurry up		
clog, pl. **cloig**	clock, bell	**roinnte ar**	divided by
déag	teen (in counting)	**rolla**	roll
déanach	late	**scrúdú**. v.n. of **scrúdaigh**	examination
níos déanai	later		
de réir	according to	**sláinte** (f)	health
fiche	twenty	**timpeall**	around
glaoigh, v.n. **glaoch**	call	**tosaigh**	begin, start
		tuig, v.n. **tuiscint**	understand
leathuair	half-past	**uaireadóir**, pl. **-i**	watch
luath	fast, early		
náid (f)	naught, nothing		

AISTRIGH:

1 A dó is a dó, sin a ceathair. A ceathair is a ceathair, sin a hocht.

2 A sé óna dó dhéag, sin a sé. A hocht déag roinnte ar a trí, sin a sé.

3 Cad a chlog é? Cad e an t-am é?

4 Tá sé timpeall a dó. Tá sé ag déanamh ar a dó.

5 Ní fhaca mé ach dhá bhád ar an uisce.

6 Chonaiceamar trí bhó agus seacht gcapall sa pháirc.

7 Ní foláir dom na trí leabhar seo a léamh don scrúdú.

8 An dóigh leat go bhfuil am go leor agat chuige sin?

9 Iarrann an t-ollamh orainn a lán leabhar a leámh.

10 Ithimid arán agus ólaimid tae nó caifé ag an mbricfeasta.

11 Ní chaithim tobac mar níl sé go maith don tslainte.

12 Nach mbuaileann sibh lena chéile go minic?

13 An dtuigeann tú Gaeilge? Ní thuigim ach cúpla focal.

AISTRIGH

Q. 1-5, write in words:

1 1:00, 3:15, 4:30, 6:45, 8:14, 10:02,

2 3+3=6, 6+6=12, 18-13=5, 6/4=4, 2x5=10

3 2 horses, 6 cows, 7 sheep, 10 pigs.

4 11 books, 17 pounds, 19 dresses, 14 coats.

5 7 years old; there were 10 (head) of them there.

6 There are seven days in the week; four weeks in the month, 12 months in the year.

7 What time is it? It is around three o'clock.

8 Do you understand Irish? Yes (No).

9 If you understand Irish why don't you speak it?

10 He spends the whole day (**an lá go léir**) fishing,

11 She asks me to go to the library with her.

12 I saw only one person in the bus.

13 There are four seasons in the year: spring, summer. autumn, winter. (**Ceacht 9**)

CEACHT 20

REVIEW

COMHRÁ



Strainséir: Bail ó Dhia ar an obair.
Feirmeoir: An bhail chéanna ort. Is strainséir tú?
Strainséir: 'Sea. Is as Corcaigh dom. An as an áit seo duitse?
Feirmeoir: Is as. Tá aithne agam ar gach duine san áit seo.
Strainséir: An bhfuil muintir Néill ina gcónaí in aon áit anseo?
Feirmeoir: Tá cónaí orthu sa teach mór sin thall.
Strainséir: Tá gaol agam leo. Brian Ó Néill is ainm dom.
Feirmeoir: Tá meas mór ar Mhuintir Néill anseo.

A MHUIRE NA nGRÁS

A Mhuire na nGrás,
A Mháthair Mhic Dé,
Go gcuire tú
Ar mo leas mé.

Go sabhála tú mé
Ar gach uile olc,
Go sabhála tú mé
Idir anam agus corp.

Go sabhála tú mé
Ar mhuir agus tír
Go sabhála tú mé
Ar leic na bpian.

Garda na n-aingeal
Os mo chionn-
Dia romham
Agus Dia liom.

(**Go gcuire tú**, may you put, **go sabhála tú**, may you save, are forms of the 2nd Singular Present Subjunctive - **Ceacht 36.**)

FOCLÓIR

aingeal, pl. **aingil** angel
bail (f) blessing
biabhóg (f) rhubarb
bláth, pl. **-anna** flower
brioscaí biscuits
cabáiste cabbage
caoi (f), pl. **caíonna** opportunity
ceapach (f) plot, bed
Corcaigh (f) Cork
cré (f), pl. **-anna** clay
cúl back
díol, v.n. **díol** sell, pay
Eoghan Eugene, Owen
faiche, pl. **faichí** lawn, green
faoi dheireadh at last
fás grow
fiaile, pl. **fiailí** weed
freastail...ar serve
v.n. **freastal**
gá need
ní gá dó he need not
gairdín, pl. **-í** garden
gaol, pl. **-ta** relationship, relative
garda guard
glaoch, v.n. of **glaoigh** call
glasraí vegetables
grás, pl. **-ta** grace
leac (f), pl. **-a** flagstone
ar leic na bpian lit. On the flagstone of the pains, i.e. hell.
leas good, benefit
leataobh one side
leitís (f) lettuce
lomaire, pl. **lomairí** mower
meas...ar respect for
morálach...as proud of
mórthimpeall around
Muire Virgin Mary
pian (f). pl. **-ta** pain
rinne...ar made for
rómhar, v.n. of **rómhair** dig
sabháil, v.n. **sabháil** save
strainséir, pl. **-í** stranger
teachtaireacht (f), pl. **-aí** errand, message

1. Thá́inig Eoghan abhaile ón scoil ar leathuair tar éis a trí. Chaith sé́ a mhála scoile i leataobh agus rinné sé́ ar an gcistin. D'ól sé́ gloine bainne agus d'ith cúpla brioscaí. Chuala sé́ a mhá́thair ag glaoch air. Dúirt sí leis dul ar theachtaireacht go dti an siopa. Rug Eoghan ar a rothar agus ar aghaidh leis. Chonaic sé́ a lán daoine roimhe sa siopa. Faoi dheireadh, d'fhreastail an siopadóir air. Fuair Eoghan na rudaí́ a bhí́ ag teastáil óna mhá́thair agus dhíol sé́ astu. Bhí́ a mhathair lán sásta leis nuair a thá́inig sé́ abhaile. Thug sí cúpla pingin dó. Ansin chuaigh sé́ amach ag imirt leis na buachaillí́ eile.

(i) Translate.
(ii) Rewrite in the first or second person. Begin thus: **Thá́inig mé́ (tú) abhaile...**

2. Maidin Shathairn ní éiríonn fear an tí go moch mar ní gá dó́ dul isteach sa chathair ag obair. Bíonn caoi aige ar an Satharn obair a dhéanamh timpeall an tí ag deisiú rudaí. Is é́ an rud is fearr leis ná bheith ag obair sa ghairdín. Ar aghaidh an tí tá faiche agus ceapach bláthanna. Gearrann sé́ an feár leis an lomaire faiche. Ansin tugann sé́ aire do na bláthanna. Piocann sé amach na fiailí́ agus rómhraíonn sé́ an chré mórthimpeall na mbláthanna. Ar chúl an tí ta gairdín aige ina bhfuil a lán glasraí́ ag fás—biabhóg, cabáiste, leitís, oinniúin, prátaí́ agus go leor eile. Tá sé́ an-mhórálach as an ngairdín seo mar is feídir le bean an tí glasraí́ úra a bheith aici.

(i) Translate.
(ii) Rewrite in the first or second person. Begin thus: **Maidin Shathairn ní éirím (ní éiríonn tú)...**

CEACHT 21

VERBS: CONJUGATIONS: FUTURE TENSE OF REGULAR VERBS: INDIRECT SPEECH

VERBS: CONJUGATIONS

Regular verbs are divided into two conjugations according to the forms of the verb in the 3rd person singular of the future tense. If that form ends in **-faidh** or **-fidh,** the verb belongs to the first conjugation (f-future verb): if it ends in **-eoidh** or **-óidh,** the verb is in the second conjugation (ó-future verb).

First Conjugation: The great majority of the verbs have monosyllabic stems; there are some verbs with polysyllabic stems, a few of which end in **-áil.**

Second Conjugation: Nearly all the verbs have polysyllabic stems ending in **-aigh** or **-igh;** there are some with polysyllabic stems ending in **-(a)il, -(a)in, -(a)ir, -is,** showing syncopated forms in some tenses, and a few others not showing syncopated forms.

VERBS: FUTURE TENSE

Paradigms of three verbs, **bí, dún, bailigh,** in the future tense are given below: **beidh mé,** I will be, (irregular); **dúnfaidh mé,** I will shut, (first conjugation - the **f** is pronounced as **h**); **and baileoidh mé,** I will gather, (second conjugation).

1	**beidh mé**	**dúnfaidh mé**	**baileoidh mé**
2	**beidh tú**	**dúnfaidh tú**	**baileoidh tú**
3	**beidh sé, sí**	**dúnfaidh sé, sí**	**baileoidh sé, sí**
1	**beimid**	**dúnfaimid**	**baileoimid**
2	**beidh sibh**	**dúnfaidh sibh**	**baileoidh sibh**
3	**beidh siad**	**dúnfaidh siad**	**baileoidh siad**

DIRECT AND INDIRECT DISCOURSE

Direct discourse is the recording of the words of the speaker directly as spoken. Some such words signifying "say", "said" are used. The Irish equivalents are **a deir** or **a dúirt** or the defective verb **arsa, ar: a deir sé, a dúirt Sean; arsa mé, arsa Nóra, arsa an bhean** but **ar** before **seisean, sise, siadsan: ar seisean, ar sise.**

"Tá mé ag dul abhaile," arsa Cáit (a deir Cáit). "I am going home," says Kate

"Ólaim caife gach maidin," arsa Seán. "I drink coffee every morning," says John.

"Ní chaithim tobac," arsa Liam. "I don't smoke tobacco," says Liam.

In indirect discourse the reported speech is introduced by the verb "say", "said":

Deir Cáit go bhfuil sí ag dul abhaile.
Deir Seán go n-ólann sé caife gach maidin.
Deir Liam nach gcaitheann sé tobac.

The particles **go** and **nach** introduce the dependent clause (in all tenses except the past). Note that the dependent form of the verb **bí, fuil,** is used.

DIRECT SPEECH (Insint Dhíreach)	INDIRECT SPEECH (Insint Indíreach)
	Deirim
1 Glanann sí an teach.	go nglanann sí an teach.
2 Bíonn m'athair sa chathair.	go mbíonn m'athair sa chathair.
3 Ní éisteann Cáit lena máthair.	nach n-éisteann Cáit lena máthair.
4 Ní ritheann Tomás abhaile.	nach ritheann Tomás abhaile.
5 Beidh Seán ann amárach.	go mbeidh Seán ann amárach.
6 Ní cheannóidh mé an leabhar.	nach gceannóidh mé an leabhar.

TRANSLATIONS: 1. She cleans the house. 2. My father is (does be) in the city. 3. Kate doesn't listen to her mother. 4. Thomas does not run home. 5. John will be there tomorrow. 6. I will not buy the book.

COMHRÁ



Bríd, Bean Uí Neill: Deir mo mhac, Tomás, liom go bhfuil sibh go léir ag dul ar laethanta saoire.

Máire, Bean Ní Ghráda: Tá. Táimid chun coicís a chaitheamh sa Ghaeltacht.

Bríd: Nach aoibhinn díbh. Cathain a bheidh sibh ag imeacht?

Máire: Maidin amárach. Tá gach rud ullamh agam don turas.

Bríd: Tá súil agam go mbeidh an aimsir go maith agaibh.

Máire: Beidh. Tá ceist bheag agam duit. An ndéanfaidh tú gar dom?

Bríd: Déanfaidh mé agus fáilte. Cad é fein?

Máire: An gcoimeádfaidh sibh an madra seo 'gainne, Bran, ar feadh na coicíse?

Bríd: Coimeádfaimid. Tá seanaithne aige orainn mar bíonn sé isteach is amach chugainn gach lá.

Máire: Go raibh maith agat. Tá mé an-bhuíoch díot.

Bríd: Tabharfaidh Tomás Óg aire mhaith dó.

FOCLÓIR

aire (f)	attention
amhrán, pl. **amhráin**	song, poem
aoibhinn	pleasant
aonach, pl. **aontaí**	fair
ar feadh	during
caith, v.n. **caitheamh**	spend, use, wear
coicís (f)	fortnight
coimeád	keep
comharsa (f), pl. **-nna**	neighbor
Contae, pl. **-tha**	county
C. an Chláir	Co. Clare
cuma	appearance
deir, past **dúirt**	say
éist...le	listen to
fiafraigh...de	inquire of
Gaeltacht (f)	Irish-speaking area
gar	favor
go moch	early
gréithe	delft, dishes
boird	tableware
inis...do	tell
litir (f), pl. **litreacha**	letter
máithrín, dim. of **máthair**	mother
míle, pl. **mílte**	mile
seanaithne	good knowledge
síl	think
tinneas fiacaile	toothache
tuath (f), pl.**-a**	country
ullmhaigh	prepare

AISTRIGH:

1 **Cuirfidh mé; ólfaidh sé; osclóidh sí; éireoimid; léifid sibh; scríobhfaidh sibh.**

2 **Ní chaithfidh mé; nach n-ólfaidh sí? an osclóidh sí? ní cheannóimid; nach léifidh siad?**

3 **Cé a nífidh na gréithe i ndiaidh an dinnéir?**

4 **Cad ina thaobh nach n-ólfaidh siad an t-uisce?**

5 **Má bhíonn lá saoire agat conas a chaithfidh tú é?**

6 **"Beidh aonach amárach i gContae an Chláir...**

Is, a mháithrín, an ligfidh tú don aonach mé?" (amhrán)

7 **Cloisim go mbeidh post nua san oifig agat.**

8 **Sílim nach mbeidh an aimsir go maith mar tá cuma báisti air.**

9 **"An gceannóidh tú púna nua dom?" fiafraíonn Cáit dá máthair.**

10 **"Ceannóidh (mé), má thagann tú ag siopadóireacht liom," arsa an mháthair.**

11 **"Ní chreidfidh tú an scéal a d'inis Nóra dom," arsa Úna le Síle.**

12 **"Is eagal liom nach bhfaighidh mé an post nua," a deir Tomás.**

13 **"Is dóigh liom go gcuirfidh mé fúm faoin tuath," a deir Tomás.**

AISTRIGH:

1 I will read; you will shut; she will rise; we will gather; you will drink; they will sing.

2 You will not sing; will she not buy? Where will we put it? Will they not open?

3 Tom and Tadhg will rise early in the morning.

4 They will prepare breakfast for themselves.

5 Where will you spend the vacation (**an tsaoire**)?

6 Why will Nora not write a letter to her mother?

7 When will you settle down in your new house?

8 Thomas says that he will buy the paper.

9 Una says that she will write a letter to her father.

10 My neighbor says that she will not believe the story.

11 I think (**is dóigh liom**) that I will run five miles every day.

12 Do you think that John has a toothache?

13 The farmer thinks that the weather will be fine tomorrow.

CEACHT 22

FUTURE TENSE OF IRREGULAR VERBS: INDIRECT SPEECH -COMMANDS, REQUESTS, ETC.

IRREGULAR VERBS

The root, present, past, future tenses - 1st person singular, and verbal nouns of irregular verbs:

	ROOT	PRESENT	PAST	FUTURE	VERBAL NC
say	**abair**	**deirim**	**dúirt mé**	**déarfaidh mé**	**rá**
carry	**beir**	**beirim**	**rug mé**	**béarfaidh mé**	**breith**
be	**bí**	**táim**	**bhí mé**	**beidh mé**	**bheith**
hear	**clois**	**cloisim**	**chuala mé**	**cloisfidh mé**	**cloisteáil**
do	**déan**	**déanaim**	**rinne mé**	**déanfaidh mé**	**déanamh**
get	**faigh**	**faighim**	**fuair mé**	***gheobhaidh mé**	**fáil**
look	**feic**	**feicim**	**chonaic mé**	**feicfidh mé**	**feiceáil**
eat	**ith**	**ithim**	**d'ith mé**	**íosfaidh mé**	**ithe**
give	**tabhair**	**tugaim**	**thug mé**	**tabharfaidh mé**	**tabhairt**
come	**tar**	**tagaim**	**tháinig mé**	**thiocfaidh mé**	**teacht**
go	**téigh**	**téim**	**chuaigh mé**	**rachaidh mé**	**dul**

***Faigh** has a future dependent form: **ní bhfaighidh mé.** The verb **ith,** eat, is irregular in the future: **íosfaidh mé, íosfaidh tú,** etc.

COMMANDS AND REPORTED SPEECH

In indirect speech the verb in the imperative mood is changed into a verbal noun. In negative commands **gan,** without, is placed before the verbal noun. When the command involves an object there is an inversion in the indirect statement: the object is placed before the verbal noun.

DIRECT	INDIRECT
	Iarrann mo mháthair orm
1 Bí ciúin.	**bheith ciúin.**
2 Suigh síos ar an gcathaoir.	**suí síos ar an gcathaoir.**
3 Téigh amach agus rith abhaile.	**dul amach agus rith abhaile.**
4 Ná bí ag caint os ard.	**gan bheith ag caint os ard.**
5 Ná tar isteach go fóill.	**gan teacht isteach go fóill.**
6 Beir ar an mála sin.	**breith ar an mála sin.**
7 Ól an bainne.	**an bainne a ól.**
8 Ná dún an doras.	**gan an doras a dhúnadh.**
9 Ná habair é sin.	**gan é sin a rá.**
10 Tóg an buicéad agus líon le huisce é.	**an buicéad a thógáil agus é a líonadh le huisce.**
11 Faigh an leabhar ach ná léigh é.	**an leabhar a fháil ach gan é a leamh.**

TRANSLATIONS: 1. Be quiet. 2. Sit down on the chair. Go out and run home. 4. Don't be talking out loud. 5. Don't come in for a while. 6. Carry that bag. 7. Drink the milk. 8. Don't shut the door. 9. Don't say that. 10. Take the bucket and fill it with water. 11. Get the book but don't read it.

COMHRÁ



Brian: An bhfuil gach rud ullamh don turas, a Mháire?
Máire: Tá, a Bhriain. Ar chuir tú an bagáiste go léir sa charr?
Brian: Chuir. Cad a dhéanfaimid leis an madra seo, Bran?
Máire: Coimeádfaidh na comharsana, Muintir Neill, duinn é.
Brian: Is deas uathu é. Tá Tomás Óg an-cheanúil air.
Máire: Tabharfaidh mé eochair an tí dóibh freisin. Tabharfaidh siad aire don teach an fhaid a bheimid as baile.

FOCLÓIR

aon rud anything
bagáiste baggage
bréag (f), pl. **-a** lie
buicéad, bucket
pl. **buicéid**
caithfidh sé he (it) must
ceanúil ar fond of
ciúin quiet
cluiche peile football game
coisí, (foot-)traveller
pl. **coisithe**
deas nice
is deas uathu é it's nice of them
deisigh repair
an fhaid while
is faide further
(comp. of **fad**)
fan, v.n. **fanacht** wait
fírinne (f) truth
foghlaim (f), learn
v.n. of **foghlaim**
gairdín, pl. **-í** garden
glic clever
go fóill yet, for a while
go léir all
an scéal go léir the whole story
muintir (f) family, community
M. Uí Néill The O'Neills
os ard out loud
rún secret
a rún term of endearment
sásta satisfied
suigh, v.n. **suí** sit

AISTRIGH:

1 Déarfaidh mé; feicfidh tú; béarfaidh sí; tiocfaimid; gheobhaidh sibh; íosfaidh siad;

2 Ní bhfaighidh tú; an dtabharfaidh sé? cá rachaimid? nach ndéanfaidh sibh?

3 "An dtiocfaidh tú nó an bhfanfaidh tú, a Eibhlín a rún?" (amhrán)

4 Nuair a thiocfaidh fear an tí abhaile deiseoidh sé an rothar.

5 Ar scoil leifidh siad leabhair agus foghlaimeoidh siad teangacha.

6 Nuair a chloisfidh sí an scéal inseoidh sí dom é.

7 Nuair a fheicfidh tú an teach nua beidh tú sásta.

8 An té nach bhfuil láidir caithfidh sé (ní fóláir dó) bheith glic. (seanfhocal)

9 Is faide a rachaidh an fhírinne ná an bhréag, ach is maith an coisí an bhréag fein. (seanfhocal)

10 "Suigh síos agus ná bí ag caint," arsa an múinteoir liom.

11 Deir an múinteoir liom suí sios agus gan bheith ag caint.

12 "Dún an doras ach oscail na fuinneoga," a deir a máthair le hÚna.

13 Deir a máthair le hÚna an doras a dhúnadh ach na fuinneoga a oscailt.

AISTRIGH:

1 I will say; you will carry; he will look; we will come; you will go; they will give.

2 I will not eat; will you eat? will she not look; where will we go?; what will they say?

3 Where will you go tomorrow?

4 I will stay at home and do work in the garden.

5 If you believe it why will you not say it?

6 Who will come to the football game with me?

7 When will John O'Brien get a new car for himself?

8 "Come into the room and sit down," says the woman of the house to me.

9 The woman of the house says to come into the room and sit down.

10 "Don't say a word and you'll hear the whole story," says my friend to me.

11 My friend says to me not to say a word and that I'll hear the whole story.

12 "Don't give him anything and don't take anything from him," says she.

13 She says not to give him anything and not to take anything from him.

CEACHT 23

VERBS - CONDITIONAL MOOD: INDIRECT SPEECH (CONT.)

CONDITIONAL MOOD OF VERB

This mood implies some kind of conditional action and is translated by "I would be," "you would shut," etc. Paradigms of three verbs **bí, dún, bailigh,** are given: **bheinn,** I would be; **dhunfainn,** I would shut; and **bhaileoinn,** I would gather:

1	**bheinn**	**dhúnfainn**	**bhaileoinn**
2	**bheifeá**	**dhúnfá**	**bhaileofá**
3	**bheadh sé, sí**	**dhúnfadh sé, sí**	**bhaileodh sé, sí**
1	**bheimis**	**dhúnfaimis**	**bhaileoimis**
2	**bheadh sibh**	**dhúnfadh sibh**	**bhaileodh sibh**
3	**bheidís**	**dhúnfaidís**	**bhaileoidís**

Note the aspiration of the initial consonant and the use of the synthetic form of the verb in the 1st person, singular and plural, the 2nd person singular, and the 3rd person plural. The irregular verbs (see preceding lesson) follow the mode of tne future tense but with the conditional endings.

INDIRECT SPEECH

When the past tenses of the verbs **deir, síl,** think, **ceap,** think, **is dóigh le,** think, i.e. **dúirt, shíl, cheap, ba dhóigh le** are used, it may be necessary to change the tenses of the verbs in the statements, i.e., from the future tense to the conditional mood. Also, the persons may be altered, usually from the 1st to the 3rd.

Go and **nach** are the particles introducing the dependent clauses in the conditioal mood and other tenses, except the past tense where they become **gur** and **nár.** However, those irregular verbs **abair, bí, déan, faigh, feic, téigh** (see **Ceacht 16**) - are introduced by **go** and **nach.**

DIRECT SPEECH	INDIRECT SPEECH
An chaint a dúirt Liam:	**Dúirt Liam**
1 D'éirigh mé go moch.	**gur éirigh se go moch.**
2 Bhailigh an múinteoir na leabhair.	**gur bhailigh an múinteoir na leabhair.**
3 Níor ith sé an bricfeasta.	**nár ith sé an bricfeasta.**
4 Níor tháinig Seán ar scoil liom.	**nár tháinig Seán ar scoil leis.**
5 Táimid ag obair go dian.	**go raibh siad ag obair go dian.**
6 Inseoidh mé an scéal daoibh.	**go n-inseodh sé an scéal dóibh.**
7 Ní fhaca mé fear an phoist.	**nach bhfaca sé fear an phoist.**
8 Gheobhaidh mé féin é.	**go bhfaigheadh sé féin é.**
9 Rinne siad a ndícheall.	**go ndearna siad a ndícheall.**

Translations: 1. I arose early. 2. The teacher collected the books. 3. He didn't eat breakfast. 4. John didn't come to school with me. 5. We are working hard. 6. I'll tell you the story. 7. I didn't see the postman. 8. I'll get it myself. 9. They did their best.

COMHRÁ



Bríd: Tá na comharsana, Muintir Ghráda, ag dul ar laethanta saoire.
Tomás: Cá bhfios duit sin?
Bríd: Dúirt Máire liom go bhfuil siad le coicís a chaitheamh sa Ghaeltacht.
Tomás: Is ait liom sin.
Bríd: Cad ina thaobh sin?
Tomás: Is é a duirt Brian liom ná gurbh fhearr leis dul faoin tuath go teach a mhuintire agus bheith ag obair ar an bhfeirm.
Bríd: Ag cuimhneamh ar na páistí atá Máire. Beidh seans acu an Ghaeilge a chleachtadh.

FOCLÓIR

ait	strange, queer
is ait liom sin	I think it strange
bia, pl. **-nna**	food
Cá bhfios duit?	How do you know?
ceap	think, appoint
cinnte	certain
go cinnte	certainly
cleachtadh, v.n. of **cleacht**	practice
cruinniú, pl. **cruinnithe**	meeting
cuimhneamh, v.n. of **cuimhnigh**	thinking
dicheall	best endeavor
mo dhícheall	my best
go dian	hard
macánta	honest
míle, pl. **milte**	thousand
mol	praise
mol...do	advise
nós, pl. **-anna**	custom
oifig (f), pl. **-í**	office
seancharr	old car
seans, pl. **-anna**	chance
strainséir, pl. **-í**	stranger

AISTRIGH:

1 **Thógfainn; chuirfeá; d'ólfadh sí; d'éireoimis; thabharfadh sibh; thiocfaidís.**

2 **Ní fheicfinn; an ndéarfá? cá rachadh sé? nach n-íosfaimis? ní bhfaighidís.**

3 **An té a bhuailfeadh mo mhadra, bhuailfeadh sé mé féin. (seanfhocal)**

4 **An dtabharfá an leabhar sin dom, más é do thoil é?**

5 **Mholfainn duit an obair a dhéanamh anois.**

6 **Cé a cheannódh an seancharr sin uaitse?**

7 **Cad a dhéanfa dá mbeadh lá saoire agat?**

8 **"Osclóidh mé an oifig ar a hocht a chlog," arsa Liam.**

9 **Dúirt Liam go n-osclódh sé an oifig ar a hocht a chlog.**

10 **"Ní fhaca mé ag an gcruinniú thú," arsa Nóra le hÚna.**

11 **Dúirt Nóra le hÚna nach bhfaca sí Úna ag an gcruinniú.**

12 **"Níor ith mé bia ná níor ól mé deoch ó mhaidin," arsa an strainséir.**

13 **Dúirt an strainséir nár ith sé bia ná nár ól sé deoch ó mhaidin.**

AISTRIGH:

1 I would go; you would buy; he would sell; we would see; they would give.

2 Would you come? Would he eat? Would we not say? They would not give.

3 I would advise you to go home right now.

4 An honest man would not break his word, would he?

5 Would you write that down for me, if you please?

6 You would think (**ba dhóigh leat**) that everyone would hear the story.

7 What would you do if you had a thousand dollars?

8 "I will certainly come," said John to them.

9 John told them that he would most certainly come.

10 "Don't make a custom and don't break a custom," the proverb says to us.

11 The proverb says to us not to make a custom and not to break a custom.

12 "I will do my best to get home in time," said Patrick.

13 Patrick said that he would do his best to get home in time.

CEACHT 24

COPULA AND INDIRECT SPEECH: CONDITIONAL CLAUSE WITH MÁ AND DÁ

INDIRECT SPEECH AND THE COPULA

In indirect speech the forms of the copula are as follows:

Present Tense: **gur** and **nach**; but **gurb** before vowels (ordinarily).
Past Tense: **gur** and **nár**; but **gurbh** and **nárbh** before vowels.

Consider the following sentences:

1	**Is múinteoir a athair.**	His father is a teacher.
2	**Ní ainmhí mor an coinín.**	The rabbit is not a large animal
3	**Is é Seán an dochtúir.**	John is the doctor.
4	**Is álainn an lá é.**	It is a lovely day.
5	**Is ea / Ní hea**	It is / It is not.

In indirect speech, present and past tenses, these sentences become:

	PRESENT TENSE	PAST TENSE
	Deir sé	**Dúirt sé**
1	**gur múinteoir a athair.**	**gur mhúinteoir a athair.**
2	**nach ainmhí mór an coinín.**	**nárbh ainmhí mór an coinín**
3	**gurb é Seán an dochtúir.**	**gurbh é Seán an dochtúir.**
4	**gurb álainn an lá é.**	**gurbh álainn an lá é.**
5	**gurb ea / nach ea.**	**gurbh ea / nárbh ea.**

CONDITIONAL CLAUSES WITH MÁ AND DÁ AND MURA

The conditional conjunctions are **má** and **dá** (if) and **mura** (if not). In all sentences containing a conditional conjunction there are two elements: the clause with the condition (protasis) and the clause containing the outcome (apodosis). If the event in the condition is happening, has happened or is likely to happen **má** is used; if the event did not happen or is not likely to happen **dá** is used. Consider the following sentences:

i. Má thagann sé gheobhaidh sé an post. If he comes he will get the position.
ii. Dá dtiocfadh sé gheobhadh sé an post. If he had come he would have got the position.

Sentence (i) implies a possible condition, (ii) an impossible or unfulfilled one.

As a rule **má** followed by the indicative mood is used when the main clause is in the imperative or indicative mood: **dá** followed by the conditional mood when the main clause is in the conditional mood.

1 Má tá Gaeilge agat, labhair í.
2 Rachaidh mé leat má bhíonn an aimsir go breá.
3 Má chloisim an scéal inseoidh mé duit é.
4 Mura dtagann sé go luath ná bac leis.
5 Mura bhfuair sé é go léir, fuair sé cuid de.
6 Dá gcloisfinn an scéal, d'inseoinn duit é.
7 Mura bhfeicfeá é, ní chreidfeá é.

Translations: 1. If you have Irish, speak it. 2. I'll go with you if the weather is fine. 3. If I hear the news (story), I'll tell you. 4. If he doesn't come early, don't bother with him. 5. If he didn't get it all he got some of it. 6. If I had heard the news I would have told you. 7. If you would not have seen it, you would not have believed it.

MÁ AND DÁ WITH THE COPULA

With the copula **má** becomes **más** in the present and **má ba** in the past. With the copula **dá** makes **dá mba.**

Ól é más maith leat é.	Drink it if you like it.
Ná hól é mura maith leat é.	Don't drink it if you do not like it.
D'ólfa é dá mba mhaith leat é.	You would drink it if you had liked it.

COMHRÁ



Bríd: D'fhág fear an phoist an cárta seo duit, a Thomáis.
Tomás Óg: Domsa! Cé a scríobhfadh chugamsa? Is ó Bhrian Óg Ó Grádа é.
Bríd: Nach deas sin. Cad a deir sé?
Tomás Óg: Deir sé go bhfuil an saol go breá aige, go mbíonn se ag snámh agus ag badóireacht agus ag labhairt na Gaeilge.
Bríd: Cad a deir sé faoina mhuintir? An bhfuil siad go maith?
Tomás Óg: Tá siad go léir ar fheabhas.
Bríd: An bhfuil aon scéal eile?
Tomás Óg: Seo aguisín leis an gcárta. Deir sé go bhfuil súil aige go bhfuil Bran go maith.

FOCLÓIR

aguisín	addition
ainmhí, pl. **ainmhithe**	animal
aithnigh	recognise
asal, pl. **asail**	donkey
bac...le	mind, attend to
barr	top
cárta, pl. **-í**	card
céanna	same
cleite, pl. **cleití**	feather
coinín, pl. **-í**	rabbit
cuid (f), pl. **codanna**	share, part
cuireadh	invitation
dá	if
dream, pl. **-anna**	group, [illegible]
éan, pl. **éin**	bird
feabhas	excellence
ar fheabhas	well
labhair, v.n. **-t**	speak
má	if
mura	if not
radharc, pl. **radhairc**	sight, view
rás, pl. **-aí**	race
saol, pl. **-ta**	life, time, world
scoláire, pl. **scoláirí**	student
sliabh, g. **sléibhe,** pl. **sléibhte**	mountain
súil (f), pl. **-e**	eye
tá súil agam	I hope
uan, pl. **uain**	lamb

AISTRIGH:

1 **Creidim nach iad Muintir Uí Bhriain atá ina gconaí ann.**

2 **Is dóigh liom gurbh é Seán Ó Néill a cheannaigh an teach.**

3 **Duirt sé gurbh iontach an radharc á chonaic sé ó bharr an tsléibhe.**

4 **Ba dhóigh leat nárbh iad na daoine ceánna iad.**

5 **Má bhíonn ocras ort, ith; má bhíonn tart ort, ól.**

6 **Ní dhéanfadh an saol capall rása d'asal. (seanfhocal)**

7 **Má fheiceann tú fear an phoist, tóg na litreacha uaidh.**

8 **Mura bhfeiceann tú é teigh síos go dtí oifig an phoist agus faigh iad.**

9 **Má tháinig an dream sin ní mise a thug cuireadh dóibh.**

10 **Dá mbeadh míle dollar agat cad a dhéanfá leis?**

11 **Dá mba éan é, bheadh cleití air.**

12 **Dá ndéarfá liom nach ndéanfá aris é, bheinn sásta.**

13 **Dá bhfeicfeadh do mháthair anois thú ní aithneodh sí thú.**

AISTRIGH:

1 He says that he is a student.

2 I think that Mary is not the teacher.

3 Una said that it was she herself who lost the book.

4 You would think that it was he himself who did all the work.

5 If you are tired, sit down.

6 He would not eat nor drink anything we gave him.

7 If you did not take my book, tell me (**inis dom**) where it is now.

8 If he does not come on time we will go without him.

9 If John had listened to me he would not have lost the money.

10 If I had a thousand dollars I would go to Ireland.

11 If he hadn't seen it he wouldn't have believed it.

12 Don't eat it if you don't like it.

13 The proverb advises us to rise (**éirigh**) with the bird and retire (**luigh**) with the lamb.

CEACHT 25 - REVIEW

COMHRÁ



Tomás:Feicim go bhfuil Muintir Uí Ghráda ar ais sa bhaile.
Bríd: Tá. Bhí Máire istigh liom tamall ó shin.
Tomás:Cad a dúirt sí faoina laethanta saoire?
Bríd: Tá siad lánsásta leo féin. Dúirt sí go raibh an aimsir go breá, go raibh sos agus suaimhneas aici féin agus ag fear an tí agus go raibh na páistí breá sláintiúil.
Tomás:Thug Tomás Óg an madra ar ais dóibh, is docha.
Bríd: Thug. Chonaic mé é féin agus Brian Óg ag súgradh le Bran amuigh sa chlós.

FOCLÓIR

áit (f) pl. **-eanna**	place	**proinnteach**	restaurant
ar fáil	to be had	**seisiún,** pl. **seisiúin**	session
ag lorg	looking for		
amharclann (f), pl. **-a**	theater	**siamsa.** pl. **-í**	entertainment
caifé, pl. **caifí**	coffee	**sinsear,** pl. **sinsir**	ancestor
céirnín, pl. **-í**	record, disc		
clós, pl. **clóis**	yard	**sláintiúil**	healthy
feis (f), pl. **-eanna**	festival	**sos,** pl. **-anna**	pause. rest
foirgneamh, pl. **foirgnimh**	building	**stairiúil**	historical
		sa tslí sin	in that way
fostaigh	hire	**súgradh**	act of playing
Gaelach	Irish (adj.)		
gaol, pl. **-ta**	relative	**suaimhneas**	peace, ease
Iarsmalann (f) **Náisiúnta**	National Museum	**suim** (f)	interest
		téip (f), pl. **-eanna**	tape
iomáin (f)	hurling		
i láthair	present	**trácht**	traffic
liosta lena n-áireamh	tedious to enumerate		

1. Dá mbeadh an samhradh ann agus na laethanta saoire agam thabharfainn turas ar Éirinn. Ba mhaith liom an tír a fheiceáil mar is í Éire tír mo shinsear. Ag an aerfort d'fhostóinn carr. Ar dtús rachainn ag lorg mo ghaolta agus chaithfinn cúpla lá leo. Sa tsli sin chuirfinn eolas ar an tír agus ar mhuintir na tíre. Rachainn timpeall na tíre ag feachaint ar na háiteanna stairiúla. D'fheicfinn na cathracha agus na bailte beaga agus bhuailfinn lena lán daoine. Thabharfainn cuairt ar an Iarsmalann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath chun eolas a fháil ar stair na hÉireann. Ba mhaith liom na cluichí Gaelacha, go mór mór an iomáin, a fheiceáil. Tá suim mhór agam sa cheol Gaelach agus dhéanfainn mo dhícheall bheith i láthair ag na siamsaí, na feiseanna agus na seisiúin sna tithe óil. Cheannóinn roinnt ceirníní agus teipeanna le tabhairt abhaile liom.

(i) Translate.
(ii) The above passage is written in the conditional mood. Rewrite in the third person. Begin thus: **Dá mbeadh an samhradh ann agus laethanta saoire ag Tomás Ó Nualláin thabharfadh sé...**

2. An tseachtain seo chugainn tabharfaidh mé cuairt ar an gcathair. Beidh mo chara, Siobhán, ag feitheamh liom ag an staisiún traenach chun bheith in éineacht liom i rith an lae. Rachaimid ag feachaint ar an gcathair— an tracht ar na sráideanna leathana, na foirgnimh arda, na siopaí móra agus go leor rudaí eile gur liosta lena n-áireamh. Íosfaimid lón i gceann de na caifí beaga atá i lár na cathrach. Ina dhiaidh sin rachaimid go dtí na siopaí. Is fearr siopadóireacht a dhéanamh sa chathair ná sa bhaile beag ina gcónaím mar tá i bhfad níos mó earraí ar fáil. Beimid tuirseach ó bheith ag siúl timpeall ach beidh sos againn nuair a íosfaimid an dinnéar i bproinnteach éigin. Mura mbíonn sé ró-dhéanach rachaimid go dtí an amharclann. Is orm a bheidh an t-athas i ndiaidh an lae.

(i) Translate.
(ii) The above passage is written in the future tense. Rewrite in the third person. Begin thus: **An tseachtaim seo chugainn tabharfaidh Máire Ní Dhónaill...**

CEACHT 26

VERBS - PAST HABITUAL TENSE: NUMERALS 20 AND ABOVE - CARDINALS

All verbs have an imperfect tense, often styled the habitual past or consuetudinal past. It denotes habitual action in past time. The endings are like those of the conditional mood without the **-f**; the stem of the present is used with initial aspiration. The verbal particles used are **ní, an, nach, cá,** etc. Note the use of the synthetic forms in the 1st Person, Singular and Plural and the 3rd Person Plural. Construed below are the following: **bhinn,** I used to be; **dhúnainn,** I used to shut: **bhailinn,** I used to gather.

1	**bhínn**	**dhúnainn**	**bhailínn**
2	**bhíteá**	**dhúntá**	**bhailíteá**
3	**bhíodh sé, sí**	**dhúnadh sé, sí**	**bhailíodh sé, sí**
1	**bhímis**	**dhúnaimis**	**bhailímis**
2	**bhíodh sibh**	**dhúnadh sibh**	**bhailíodh sibh**
3	**bhídís**	**dhúnaidís**	**bhailídís**

NUMERALS: 20 AND OVER (See Ceacht 19 for numerals 1-20)

CARDINALS (A) Without Nouns (B) With Nouns

(A)	**20**	**fiche**	**60**	**seasca**	
	30	**tríocha**	**70**	**seachtó**	
	40	**daichead**	**80**	**ochtó**	
	50	**caoga**	**90**	**nócha**	
100 céad		**1,000 míle**		**1,000,000 milliún**	

(i) 21, 22, 23:	**fiche a haon, fiche a dó, fiche a trí**
(ii) 64, 66. 68:	**seasca a ceathair, seasca a sé, seasca a hocht**
(iii) 101, 111, 169:	**céad a haon, céad a haon déag, céad seasca a naoi**
(iv) 365:	**trí chéad, seasca a cúig**
(v) 1760:	**míle, seacht gcéad, seasca**
(vi) 5,423,571:	**cúig mhilliún, ceithre chéad fiche is tri mhíle, cuig chéad, seachtó a haon**

(B) With Nouns

(i) 21, 23	**bád**	**bád is fiche; trí bhád is fiche**
(ii) 32, 87	**capall**	**dhá chapall is tríocha; seacht gcapall is ochtó**
(iii) 101, 143	**bó**	**céad is aon bhó; céad, daichead is trí bhó**
(iv) 365	**lá**	**trí chéad, seasca is cúig lá**
(v) 1760	**acra**	**míle, seacht gcéad is seasca acra**
(vi) 5,423,561	**pingin**	**cúig mhilliun, ceithre chéad, fiche is tri mhile, cuig chéad, seasca is aon phingin**

Another method of enumeration is by using the preposition de and the plural:

75	**mála**	**seachtó a cuig de mhálai**
385	**páipear**	**trí chéad, ochtó a cúig de pháipéir**
1,649	**gunna**	**mile, sé chéad, daichead a naoi de ghunnaí**

COMHRÁ



Bríd, Bean Uí Néill: Fáilte romhaibh ar ais ón nGaeltacht, a Mháire.

Máire, Bean Uí Ghráda: Go raibh maith agat. Táimid buíoch díot as ucht aire a thabhairt don teach agus don mhadra.

Bríd: Tá fáilte romhat. Bhí an-spórt ag Tomás Óg le Bran. Bhí an t-ádh libh an aimsir a bheith chomh breá sin.

Máire: Bhí. Níor thit oiread agus braon báistí an t-am go léir.

Bríd: Tá cuma na gréine agus luisne na sláinte oraibh go léir.

Máire: Bhímis amuigh an lá go léir. Chaithimis an lá ar an trá agus uaireanta thógadh Brian amach ag bádóireacht sinn. Saol breá slaintiúil é saol na tuaithe.

Bríd: Is fíor duit. Agus bhí seans ag na leanaí an Ghaeilge a chleachtadh leis na páistí eile.

Máire: Bhí. Tá feabhas mór tagtha ar a gcuid Gaeilge.

FOCLÓIR

ádh	luck	**nóiméad,** pl. **nóiméid**	minute, moment
as ucht	on account of	**ochtó**	eighty
bádóireacht (f)	boating	**pingin** (f), pl. **-í**	penny
braon, pl. **-ta**	drop	**seachtó**	seventy
céad, pl. **-ta**	hundred	**seasca**	sixty
croch, v.n. **-adh**	hang	**slat** (f), **-a**	stick, yard
fadó	long ago	**stoca,** pl. **-í**	stocking
figiúr, pl. **figiúirí**	number, figure	**trá** (f) pl. **-nna**	strand, beach
		tríocha	thirty
luisne (f)	blush, glow	**tóg**	take, raise, build
milliún	million		
nócha	ninety	**tuath** (f), pl. **-a**	country
		uair (f), pl. **-eanta**	hour, occasion

AISTRIGH:

1 Thugainn; d'óladh sí; ní chuiridís; cá dteádh sibh?

2 Nuair a bhí mé óg bhínn i mo chónaí sa chathair.

3 Fadó, d'óladh sé bainne; anois, ólann sé tae.

4 Féachaimid ar an teilifís anois, ach fadó, d'éistimis leis an raidió.

5 Chrochaimis ár stocaí os cionn na leapa Oíche Nollag fadó.

6 Scríobh i bhfigiúirí: fiche a seacht; caoga a cúig; ochtó a dó

7 " " " : míle, naoi gcéad, ochtó a sé.

8 Trí chrann is fiche; cúig bhád is nócha: seacht gcapall is tríocha.

9 Tá míle, seacht gcéad is seasca slat i míle.

10 Tá seasca nóiméad san uair agus fiche is ceithre uair sa lá.

1 I used wear; you used shut: used he come? where used they put?

2 I used go to the city by train (**ar an traein**) every day.

3 They used spend every summer in Ireland.

4 Used you walk to school every day?

5 Where used they build (**tóg**) their houses long ago?

6 Write in words: 31, 67, 92.

7 " " ": 3414.

8 " " ": 22 books: 37 pens: 48 pencils: 64 bags.

9 " " ": 162 coats; 1432 dresses.

10 There are seven days in the week and twelve months in the year.

CEACHT 27

INFLECTION OF THE NOUN: NUMERALS - ORDINALS - PERSONAL NUMBERS

INFLECTION OF THE NOUN

There are two genders, masculine and feminine; two numbers, singular and plural; five cases, nominative, accusative, dative, genitive and vocative; and five declensions.

GENDER

In a very loose and general way it may be said that sex and gender correspond in that every noun meaning a male person or thing is masculine and every noun meaning a female person or thing is feminine (except diminutives ending in **-ín**). For other nouns it will be necessary for the student to learn the gender. As a general help the following guides are listed: (There are exceptions which are not given here.)

Feminine Nouns:

(1) Names of continents, rivers, languages, many bodily organs.

(2) Abstract nouns formed from adjectives by adding **-e**, (e.g. **báine** from **bán**, white, **seimhe** from **seimh**, smooth) and by adding - **acht** (e.g. **sástacht**, from **sásta**, satisfied). A few abstract nouns ending in **-(e)as** (e.g. **olcas** from **olc**, bad) are masculine.

Masculine Nouns:

(1) Nouns of agency with suffixes ending in - **aire**, **-óir**, **-í**, (e.g, **iascaire**, fisherman, **bádóir**, boatman, and **scéalaí**, storyteller).

(2) Diminutives ending in **-ín**, when derived from masculine nouns (e.g. **buachaillín**, little boy).

In context, feminine nouns can be recognized by (a) aspiration in the nominative and accusative singular following the article **an** (e.g. **an bhróg**, the shoe); (b) the form **na** of the article before the genitive singular (e.g. **dath na bróige**, the color of the shoe); (c) aspiration of the attributive adjective qualifying the noun (e.g. **bróg bhán**, a white shoe).

CASE AMD NUMBER

Nouns are inflected to show number and case. Some nouns have onIy two forms, singular and plural: **cailín, cailíní**, girl; **mála, málaí**, bag. Most nouns are inflected to show a genitive case. Indeed, it is the mode of inflection in the genitive that indicates to which of the five declensions a noun belongs. ln treating the inflection of nouns under the system of five declensions, this text follows the practice of the official standard and of modern Irish grammars.

In the singular number the form of the noun in the nominative, accusative and dative cases is the same. These cases have what is styled a "common form." Hereafter for each of the five declensions two forms will be given, that of the nominative (the common form) and that of the genitive. The form in the vocative case is similar to that of the nominative except in the case of first declension nouns where it is similar to the genitive, e.g. **Seán**, John, **a Sheáin!** and **mac**, son, **a mhic!** (The indeclinable particle **a** precedes the vocative and aspirates the noun.)

In the plural number nouns may have "strong" or "weak" forms. Strong plurals are those which remain unchanged in all cases. Weak plurals are those which show change in the genitive. They occur (a) when the nominative plural ends in a consonant: **bád, báid**, boat; **caora, caoraigh**, sheep; (b) when **-a** is added to the common singular form: **cos**, foot, **cosa; úll**, apple, **úlla;** (c) in a few other instances.

DECLENSIONS

The greater number of nouns in Irish belong to the first declension (masculine and ending in a broad consonant) or the second declension (feminine and ending in a consonant).

EFFECT OF THE ARTICLE ON THE INITIAL OF THE FOLLOWING NOUN:

Some of the rules governing aspiration and eclipsis have been mentioned. Before describing the declensions it is advisable to list the most important of the rules affecting the initial of a noun that follows the article.

1. Aspiration:

The initial consonant (unless it be **d, t** or **s**) is aspirated after the article in the singular in (a) the nominative feminine: **an bhean**, the woman; (b) the genitive masculine: **fear an phoist**, the postman; (c) the dative unless eclipsed: **ar an bhád,** on the boat.

2. Eclipsis:

Eclipsis of the initial consonant occurs in (a) the dative singular: leis **an bpeann,** with the pen; (b) the genitive plural: **Sliabh na mBan,** the Mountain of the Women; **hataí na gcailíní**, the girls' hats.

3. Prefixing t to s:

After the article, **t** is prefixed to **s** (unless **s** is followed by **c, f, m, p, t**) in (a) feminine nouns in the singular except in the genitive: **an tslat**, the rod; **as an tslí**, out of the way;

(b) masculine nouns in the genitive singular; **teach an tsagairt**, the priest's house.

ORDINALS		PERSONAL NUMBERS	
1	**an chéad lá**	1	**duine, aon duine, aon duine amháin**
2	**an dara (dóú) lá**	2	**beirt**
3	**an tríú lá**	3	**triúr**
4	**an ceathrú lá**	4	**ceathrar**
5	**an cúígiú lá**	5	**cúigear**
6	**an séú lá**	6	**seisear**
7	**an seachtú lá**	7	**seachtar**
8	**an t-ochtú lá**	8	**ochtar**
9	**an naoú lá**	9	**naonúr**
10	**an deichiú lá**	10	**deichniúr**
11	**an t-aonú lá déag**	11	**aon duine déag**
12	**an doú lá déag**	12	**dháréag**
17	**an seachtú lá déag**	17	**seacht nduine déag**
20	**an fichiú lá**	20	**fiche duine**
23	**an tríú lá is fiche**	23	**trí dhuine is fiche**
28	**an t-ochtú lá is fiche**	28	**ocht nduine is fiche**
30	**an tríochadú lá**	30	**tríocha duine**
40	**an daicheadú lá**	40	**daichead duine**
50	**an caogadú lá**	50	**caoga duine**
60	**an seascadú lá**	60	**seasca duine**
70	**an seachtódú lá**	70	**seachtó duine**
80	**an t-ochtódú lá**	80	**ochtó duine**
90	**an nóchadú lá**	90	**nócha duine**
100	**an céadú lá**	100	**céad duine**
1,000	**an míliú lá**	1,000	**míle duine**
1,000,000	**an milliúnú lá**	1,000,000	**milliún duine**

Cardinals used for Ordinals:

an chéad cheacht nó ceacht a haon:	the first lesson or lesson one
an séú caibidil nó caibidil a sé:	the sixth chapter or chapter six

Dates:

Christmas Day:	**An cuigiú lá is fiche de Mhí na Nollag**
On a letter:	**Eanáir 2, 1985; Samhain 12, 1980; Nollaig 8, 1970**

COMHRÁ



Guth: Oifig Eolais Aer Lingus anseo.
Fear: Ar mhiste leat insint dom cén t-am a thagann na h-eitleáin ó Nua Eabhrac?
Guth: Ar deich nóiméad tar éis a seacht agus ar leathuair tar éis a hocht.
Fear: Tá coinne agam leis an gcéad cheann. An bhfuil sé in am?
Guth: Bhi moill bheag uirthi i Nua Eabhrac. Níor fhág sí Aerfort an Chinnéadaigh go dtí 7:30 tráthnóna; mar sin ní bheidh sí ag tuirlingt go dtí 7:40.
Fear: Go raibh maith agat.
Guth: Níl aon mhoill ar an gceann eile. Beidh sí anseo ar 8:30.

FOCLÓIR

Aer Lingus	Irish Airlines
Aerfort an Chinnéadaigh	Kennedy Airport
aois (f), pl. **-eanna**	age
d'aois	of age
ar mhiste leat	would you, please
beirt (f), pl. **-eanna**	two (persons)
caibidil (f), pl. **caibidli**	chapter
caora (f), pl. **caoirigh**	sheep
coinne	appointment, expectation
faoi mo choinne (or, **i mo choinne**)	for me
iascaire. pl. **-í**	fisherman
Lá Caille	New Year's Day
Lá Fhéile Pádraig	St. Patrick's Day
Lá Bealtaine	May-Day
Lá Nollag	Christmas
moill (f) pl. **-enna**	delay
Oifig Eolais	Information Office
poll, pl. **poill**	hole
rugadh mé	I was born
salm, pl. **sailm**	psalm
sástacht (f), g. **-a**	satisfaction
séimh	thin, smooth
tuirling, v.n. **-t**	descend
véarsa, pl. **-í**	verse

AISTRIGH:

1 **Beirt fhear; seachtar buachailli; dhaireag cailini; ceithre duine is daichead**

2 **An dou la is daichead; an tri mhile, se chead is ceathru capall**

3 **La Bealtaine: an chead la de Bhealtaine**

4 **La Caille: an chead la d'Eanair**

5 **Rugadh me ar an triu la is fiche de Dheireadh Fomhair, mile, naoi gcead, seasca a do.**

6 **Mar sin, taim ceithre bliana is fiche d'aois anois.**

7 **An chead cheacht: ceacht a haon: an triu vearsa: vearsa a tri; an dara cuid: cuid a do; an seachtu leathanach is cead: leathanach cead is a seacht**

AISTRIGH:

1 Write in words: 2 girls: 9 persons; 12 men; 87 farmers.

2 " " " : the 18th hole; the 29th psalm; the 365th dav.

3 St. Patrick's Feast Day: the 17th of March.

4 Christmas Day: the 25th of December

5 I was born on the 10th July, 1954.

6 I am now 32 years old. **(d'aois)**

7 The first part: part one; the 15th lesson: lesson 15;

the 10th chapter: chapter 10; the 314th page: page 314.

CEACHT 28

NOUNS - FIRST DECLENSION: NAMES (MALES)

Nouns in this declension are masculine and end in a broad consonant:

	SINGULAR	PLURAL
NOMINATIVE:	**an garsún,** the boy	**na garsúin,** the boys
GENITIVE:	**lámh an ghharsúin,** the boy's hand	**lámha na ngarsún,** the boys' hands

Other nouns in this declension:

N. SINGULAR	G. SINGULAR	N. PLURAL	G. PLURAL	
crann	**crainn**	**crainn**	**crann**	tree
fear	**fir**	**fir**	**fear**	man
cliabh	**cléibh**	**cléibh**	**cliabh**	basket
marcach	**marcaigh**	**marcaigh**	**marcach**	horseman
úll	**úill**	**úlla**	**úll**	apple
ceol	**ceoil**	**ceolta**		music
éadach	**éadaigh**	**éadaí**		cloth

The genitive singular is formed by attenuation: **crann, crainn.** Final **-ach** and **-each** are changed to **-aigh** and **-igh: marcach, marcaigh.** Some vowel changes occur: **fear** to **fir, cliabh** to **cléibh.**

Garsúin, úlla (an **-a** added to the singular) are weak plurals. The genitive plural is the same as the nominative singular for nouns with weak plurals. There are many nouns in this declension which have strong plurals: **ceol, ceolta; éadach, éadaí.**

The vocative singular (used in addressing a person, **a fhir,** oh man!) is the same as the genitive singular. When the nominative plural ends in a slender consonant, the vocative plural is formed by adding **-a** to the nominative singular:

n.s.	**fear**	n.p.	**fir**	v.p.	**a fheara;**
n.s.	**Gael** (Irishman)	n.p.	**Gaeil**	v.p.	**a Ghaela**

GENITIVE CASE

There are a few prepositions which take the Genitive Case:

chun, to, towards	**timpeall,** around
trasna, across	**cois,** near, at the foot of

trasna an bhóthair, across the road **timpeall na tíre,** around the country

Genitives of possession, quality, material, origin, etc.:

leabhair Shéain	John's books
fáinne óir	a gold ring
deoch leighis	a healing draught (drink)
roth iarainn	an iron wheel

NAMES: CHRISTIAN NAMES AND SURNAMES

Common Irish names are as follows:

Seán Ó Broin	John Byrne	**Pádraig Ó Suilleabháin**	Patrick Sullivan
Tomás Ó Néill	Thomas O'Neill	**Peadar Mac Dónaill**	Peter McDonnell
Tadhg Ó hAogáin	Timothy O'Hogan	**Pól Mac an Bháird**	Paul Ward

The majority of men's Christian names end in a broad consonant and belong to the first declension. **Mac** and **Ó** (son of, grandson of) are declined thus:

Nominative:	**Ó**	**Mac**
Genitive:	**Uí**	**Mic**

Some names declined:

NOMINATIVE	GENITIVE	VOCATIVE
Seán Ó Broin	**teach Sheáin Uí Bhroin**	**a Sheáin Uí Bhroin**
Tadhg Ó hAogáin	**teach Thaidhg Uí hAogáin**	**a Thaidhg Uí hAogáin**
Peadar Mac Dónaill	**teach Pheadair Mhic Dhónaill**	**a Pheadair Mhic Dhónaill**

COMHRÁ



Máirtín: **Ar tháinig an t-eitleán ó Nua Eabhrac fós?**
Freastalaí: **Tháinig. Beidh moill bheag ar na paisinéirí ag fáil an bhagáiste agus ag dul tríd an Staisiún Custaim.**
Máirtín: **Ag feitheamh le mo dheartháir atá mé. Ó, feicim anois é ag teacht tríd an ngeata. Hó! a Labhráis.**
Labhrás: **A Mháirtín! Conas atá tú? Nach aoibhinn é bheith ar ais in Éirinn. Ba dheas uait é teacht i mo choinne.**
Máirtín: **Seo, tabhair dom na málaí. Rachaimid go dtí an carr.**

FOCLÓIR

ardaigh, v.n. **ardú**	raise
bollóg, pl. **-a**	loaf
brí	meaning
ceol, pl. **-ta**	music
cliabh, pl. **cléibh**	chest, basket
crann, pl. **crainn**	tree
cuisle (f)	pulse
dán, **-ta**	poem
deartháir, pl. **-eacha**	brother
deoch (f), pl. **-anna**	drink
g. **dí**	
éadach, pl. **éadaí**	cloth
fáinne, pl. **fáinní**	ring
Gael, pl. **Gaeil**	Irishman
garsún, pl. **garsúin**	youth
géag (f), pl. **-a**	branch
geata, pl. **-í**	gate
glór	noise
Labhrás	Lawrence
leathar	leather
leigheas	healing, medicine
deoch leighis	healing draught
luach, pl. **-anna**	price
marcach, pl. **marcaigh**	horseman
Máirtín	Martin
othar, pl. **othair**	patient
paisinéir. pl. **-í**	passenger
plúr	flour
roth, pl. **-aí**	wheel
scéal, pl. **-ta**	story
scéal scéil	gossip
seol, pl. **-ta**	sail
sruthán, pl. **sruthain**	stream
Stáisiún Custaim	Customs Station
tobar, pl. **toibreacha**	well
trasna	across

AISTRIGH:

1 **Géag an chrainn; géaga na gcrann; cuisle an othair; ag na hothair; na héadaí; luach an éadaigh.**

2 **Ar na húlla; leis an gceol; ag an marcach; trasna an bhóthair.**

3 **Mála plúir; bróga leathair; fear ceoil; maidin Shamhraidh; scéal scéil.**

4 **A Thomáis; a fheara; teach Chathail Uí Néill; oifig Phóil Uí Shúilleabháin.**

5 **D'ardaigh an bádóir an seol bán ar chrann an bháid.**

6 **Ní thuigim brí na bhfocal sa dán sin.**

7 **Is aoibhinn liom éisteacht le glór an tsruthán agus le ceol na n-éan.**

8 **"Is í teanga ár sinsear í teanga na nGael."**

9 **Fáilte romhat, a Pheadair Uí hÓgáin. Is fada ó chonaic mé thú.**

10 **Briseann an dúchas trí shúile an chait. (seanfhocal)**

AISTRIGH:

1 The mast of the boat; the music of the birds; the name of the youngster.

2 A fountain pen; a leather purse; an iron gate; a loaf of bread.

3 "Patrick, read the words of the poem for the class," said the teacher.

4 Patrick said that he did not understand the meaning of the words.

5 The fisherman put the fish into the baskets.

6 The snow fell on the roads, on the trees, and on the streams.

7 I think he went across the street to the store.

8 How are you, Timothy O'Neill. It's a long time since you were here.

9 Nora likes the color of the cloth and the price of the coat.

10 The teacher told us not to write any words in the book.

CEACHT 29

NOUNS - SECOND DECLENSION: COMPOUND PREPOSITIONS: NAMES (FEMALES)

SECOND DECLENSION OF NOUNS

Nouns in this declension are feminine and end in a consonant.

	Singular	Plural
Nom.	**an chlann,** the family	**na clanna,** the families
Gen.	**ainm na clainne,** the family's name	**ainm na gclann,** the name of the families

Some other nouns in this declension:

N. Sing.	G. Sing.	N. Plural	G. Plural	
fuinneog	**fuinneoige**	**fuinneoga**	**fuinneog**	window
clárseach	**clársí**	**clárseacha**	**clárseach**	harp
beach	**beiche**	**beacha**	**beach**	bee
áit	**áite**	**áiteanna**		place
feirm	**feirme**	**feirmeacha**		farm

In the singular, the genitive is formed by adding **-e** if the noun ends in a slender consonant, or by attenuation and **-e** if the noun ends in a broad consonant; by changing the vowel before the final broad consonant and adding **-e** or by changing final **-(e)ach** to **i.**

In the plural, those nouns which simply add **-a** to the singular without syncopation or change of vowel are weak plurals and drop the **-a** in the genitive. There are, however, many strong plurals in this declension: **áit, áiteanna; feirm, feirmeacha; abairt, abairti.**

COMPOUND PREPOSITIONS

A compound preposition is usually a phrase composed of a preposition and a noun; it governs the following noun in the genitive case:

ar aghaidh, opposite	**in aice,** near
ar son, for the sake of	**os cionn,** above
de bharr, because of	**os comhair,** before
i gcaitheamh, during	**tar éis,** after

ar son na hÉireann - for the sake of Ireland
in aice na fuinneoige - near the window
i gcaitheamh na seachtaine - during the week
tar éis an tsamhraidh - after the summer

NAMES: CHRISTIAN NAMES AND SURNAMES OF FEMALES

Typical Christian names of women are **Bríd, Cáit, Nóra, Máire,** etc. Some of these names are in the 2nd declension, others in the 4th. The vocative case is the same as the nominative case. The **Mac** and **Ó** of male names become **Nic** and **Ní** (both indeclinable).

NOMINATIVE	GENITIVE	VOCATIVE
Máire Nic Dhónaill	**teach Mháire Nic Dhónaill**	**a Mháire Nic Dhónaill**
Cáit Ní Bhriain	**teach Cháit Ní Bhriain**	**a Cháit Ní Bhriain**

Mrs. John McDonnell (Christian name, Eileen):

Eibhlín, Bean Sheáin Mhic Dhónaill or **Eibhlín, Bean Mhic Dhónaill**

Mrs. Thomas O'Brien (Christian name, Bairbre):

Bairbre, Bean Thomáis Uí Bhriain or **Bairbre, Bean Uí Bhriain**

Miss Máire O'Sullivan

Máire, Iníon Uí Shúilleabháin or **Máire Ní Shúilleabháin**

Addressing Mr. O'Brien: **A Mhic Uí Bhriain**
" Mrs. O'Brien: **A Bhean Uí Bhriain**
" Miss O'Brien: **A Iníon Uí Bhriain**

The O'Briens: **Na Brianaigh, Muintir Bhriain**
one of the O'Briens: **duine de mhuintir Bhriain**

COMHRÁ



Máirtín: Ní foláir nó tá tuirse ort tar éis an aistir.
Labhras: Níl. Thit néal codlata orm ar an turas anall.
Máirtín: Is fadó ó bhí tú in Éirinn.
Lábhras: Rófhada ar fad. Tá athrú mór ar an tír. Féach na tithe nua sin in gach áit. Cá bhfuil na seantithe ceann tuí a bhíodh ann?
Máirtín: Tá an chuid is mo díobh leagtha. Tá gach áis nua-aimseartha sna tithe sin. Féach, sin teach Mhuintir Dhonnabháin thall ansin.
Labhrás: Ní dócha go bhfuil an seanlánúin beo fós.
Máirtín: Níl. A mac, Liam, atá ina chónaí sa teach nua; é fein agus a bhean, cailín de mhuintir Chonaire.

FOCLÓIR

abairt (f), pl. **-í**	sentence
aghaidh (f),pl. **-eanna**	face
ainm, pl. **-neacha**	name
áis (f), pl. **-eanna**	convenience
aistear, g. **aistir**	journey
amharc, pl. **amhairc**	sight
anall	hither
ar son	for the sake of
athrú, pl. **athruithe**	change
ball beatha, pl. **baill bheatha**	organ of the body
beach (f), pl. **-a**	bee
béal, pl. **béil**	mouth
ceann tuí	thatched roof
cearc (f), pl. **-a**	hen
cearnóg (f). pl. **-a**	square
clairseach (f), pI. **-a**	harp
clann (f), pl. **-a**	family, clan
corp, pl. **coirp**	body
cuach (f), pl. **-a**	cuckoo
de bharr	because of
drámaíocht (f)	drama
fáthchiallach	allegorical
féile (f), pl. **feilte**	festival
file, pl. **filí**	poet
glaoch	call
glaoch gutháin	telephone call
guth, pl. **-anna**	voice
i gcaitheamh	during
in aice	beside, near
lámh (f). pl. **-a**	hand
lánúin (f), pl. **-eacha**	(married) couple
leagtha, p.p. of **leag**	knocked
líne (f). pl. **línte**	line
long (f), pl. **-a**	ship
muc (f), **-a**	pig
néal, pl. **-ta**	cloud
néal codlata	wink of sleep
Ní, Nic	daughter (in surnames)
nua-aimseartha	modern
Ó, Ua	Son (in surnames)
os cionn	over, above
os comhair	in front of
sáithe (f), pl. **sáithí**	swarm
scríob	scratch
slios, pl. **sleasa**	side
spárál	spare
srón (f), pl. **-a**	nose
teileafón, pl. **teileafóin**	telephone
tonn (f), pl, **tonnta**	wave
torann	noise
ubh (f), pl. **uibheacha**	egg

AISTRIGH:

1 Muintir na háite; sa leabharlann; seomraí na leabharlainne; Sliabh na Muc; ar an bhfeirm; clós na feirme.

2 Seomra scoile; sáithe bheach; ubh chirce; ceol cláirsí; teach cúirte.

3 Ar son na hÉireann; os comhair na cúirte; tar éis na hoibre; chun na háite.

4 Seo iad baill bheatha an choirp: an ceann, an béal, an tsrón, na súile, na fiacla, na lámha, na cosa.

5 Feicim na mná seo ag teacht: Siobhán, Bean Uí Chuinn, Eibhlín, Bean Choilm Mhic Airt, Bean Uí hAodha, Iníon Ní Dhonaill agus cailín de mhuintir Bhriain.

6 Dúirt Máire go raibh sí ag an bhféile drámaíochta san amharclann aréir.

7 Is eol dúinn go bhfuil an samhradh ann nuair a chloisimid guth na cuaiche.

8 Seo líne as amhrán: "Torann na dtonn le sleasa na long."

9 Is olc an chearc nach scríobann di féin (seanfhocal).

10 Seo roinnt de na hainmneacha fáthchiallacha a bhíodh ag na filí ar Éirinn fadó: Róisin Dubh, Síle Ní Ghadhra, Cáitlín Ní hUallacháin, Gráinne Mhaol.

AISTRIGH:

1 With the harp; the door of the library; the meaning of the sentence; the glass of the windows.

2 A Greek book; a court house; a school desk; a dramatic festival.

3 The men of the place; near the school; over the window; during the week.

4 The leaves fall from the trees in autumn.

5 We get our weekly pay (**pá na seachtaine**) on Friday.

6 The Irish wear the shamrock on St. Patrick's Day.

7 A telephone call for you, mother. It's Miss O'Brien.

8 The O'Neills live in the first house on the square.

9 Little Tom left the track of his feet on the clean floor.

10 His mother told him to wash his face and hands before he would come to the table.

CEACHT 30 - REVIEW

FOCLÓIR

balla, pl. **-í**	wall	**gal**, pl. **-a**	puff
barr, pl. **-a**	crop	**gleann**, pl. **-ta**	glen
beartán, pl. **beartáin**	parcel, package	**gnóthach**	busy
binse, pl. **binsí**	bench	**i bhfeighil**	in charge of
ciúnas	calm, stillness	**i measc**	among
coigríoch, pl. **-a**	foreign place	**liath**	gray
ar an gcoigríoch	abroad	**pósadh**, v.n. of **pós**	marriage
crá	anguish	**saothrú**,	cultivating
crúite, p.p. of **crúigh**	milked	v.n. of **saothraigh**	
cuimhin	remember	**seachadadh**,	delivering
is cuimhin liom	I remember	v.n. of **seachaid**	
cúl	back	**seinm**, v.n. of **seinm**	playing (music)
deireadh	end	**siar**	westward
dóchas, g. **dóchais**	hope	**síol**, pl. **-ta**	seed
éirigh...as	give up, cease	**solas**, pl. **soilse**	light
fann	weak	**sracfhéachaint** (f)	cursory glance
fill, v.n. **-eadh**	return	**tiomáin**, v.n. **-t**	drive
		uain (f)	opportunity

Caoimhín Breathnach	Kevin Walsh
Diarmaid Ó Ciardha	Dermot Carey
Máiréad	Margaret
Proinsias	Francis

MISE RAFTEIRI AN FILE

Mise Rafteiri an file
Lán dóchais is grá,
Le súile gan solas
Le ciúnas gan crá.

'Dul siar ar m'aistear
Le solas mo chroí
Fann agus tuirseach
Go deireadh mo shlí.

Féach anois mé
Is mo chúl le balla
Ag seinm ceoil
Do phócaí folamh'.

Antoine Rafteirí

AISTRIGH:

A. An bhfeiceann tú an teach breá feirme thíos sa ghleann? Is ann atá cónaí ar Thadhg Ó Laoire agus ar a bhean chéile, Gráinne. Níl de chlann leo anois ach a mac, Diarmaid; tá na mic agus na hiníonacha eile imithe, cuid acu pósta agus an chuid eile gan phósadh.

Nuair a bhí Tadhg óg bhí se laídir agus bhíodh sé ag obair ar an bhfeirm gach lá. D'éiríodh sé go moch gach maidin. Théadh sé go dtí an pháirc agus thiomáineadh sé na ba go dtí clós na feirme. Nuair a bhíodh na ba crúite agus an bainne curtha go dtí an uachtarlann aige, d'fhilleadh sé ar an teach agus d'itheadh an bricfeasta. Ní bhíodh sé d'uain aige ach sracfhéachaint a thabhairt ar an bpáipéar agus gal a bhaint as an bpíopa sula n-imíodh sé amach arís ag obair. San earrach is ag saothrú na talún agus ag cur an tsíl a bhíodh sé. San fhomhar is ag baint na mbarr a bhíodh sé. Nuair a thagann an aois air d'éirigh sé as an bhfeirmeoireacht. A mhac, Diarmaid, atá i bhfeighil na feirme anois.

B. Tá seanduine liath ina shuí ar an mbinse sa pháirc. Sin Maitias Mac Giolla Phádraig, fear a bhfuil aithne ag gach aon duine air. Bhíodh sé ag obair in Oifig an Phoist ach d'éirigh sé as an obair cúpla bliain ó shin. Is minic a d'fheicfinn é faoina chulaith ghorm, a mhála poist ar a ghualainn agus é ar a thuras laethúil ag seachadadh na litreacha.

Go moch ar maidin théadh se go dtí Oifig an Phoist chun na litreacha agus na beartáin a fháil. Chuireadh sé na litreacha in ord de réir na seoltaí a bhíodh orthu agus amach leis ar a thuras. Is i mboscaí na litreacha a chuireadh sé na litreacha, na cártaí agus na páipéir. Dá mbeadh beartán aige bhuailfeadh sé ar an doras agus thugadh sé é don duine a d'osclódh an doras. Bhíodh sé an-ghnóthach um Nollaig mar bhíodh go leor litreacha, cártaí agus feiríní le seachadadh aige. Bhíodh áthas ar gach duine fear an phoist a fheiceáil ag teacht chun an tí.

(As a further exercise write A and B in the first and second persons.)

COMHRÁ



Máirtín: A Labhráis, seo roinnt de na cairde ar thug mé cuireadh dóibh teacht chun bualadh leat.

Labhrás: Is eagal liom nach n-aithneoidh mé aon duine acu tá mé chomh fada sin ar an gcoigríoch.

Máirtín: Aithneoidh. Seo seanchara leat, Diarmaid Ó Ciardha, a bhean, Máiréad, agus a mhac, Proinsias.

Labhrás: Tá áthas orm aithne a chur oraibh go léir.

Máirtín: Is cuimhin leat Caoimhín Breathnach a bhíodh ar scoil leat fadó.

Labhrás: Is maith is cuimhin. Nach breá bheith ar ais sa tseanáit i measc na gcairde.

CEACHT 31

VERBS - IMPERATIVE MOOD:NOUNS - THIRD DECLENSION

VERBS - IMPERATIVE MOOD

The imperative mood expresses a command or request or advice. The commonest form, the second person singular, is the root or stem of the verb. BeIow are the paradigms of three verbs: **bí, dún, bailigh.**

1.	**bím**	**dúnaim**	**bailím**
2.	**bí**	**dún**	**bailigh**
3.	**bíodh sé, sí**	**dúnadh sé, sí**	**bailíodh sé, sí**
1.	**bímis**	**dúnaimis**	**bailímis**
2.	**bígí**	**dúnaigí**	**bailígí**
3.	**bídís**	**dúnaidís**	**bailídís**

Ná precedes the verb in the neqative. The lst and 3rd persons may be translated: "let me," "let us," "let him' her, it," "let them."

Éirigh, éirígí.	Rise.
Ná bac leis. Ná hól é.	Do not mind it (him). Do not drink it.
Guímis.	Let us pray.
Ná cloisim focal uait.	Let me not hear a word from you.
Fanadh na páistí istigh.	Let the children remain inside.

In Ceacht 22 the change from imperative to verbal noun in indirect discourse was indicated.

THIRD DECLENSION OF NOUNS

Nouns in this declension end in a consonant and may be masculine or feminine. Plurals are strong plurals.

Singular		Plural	
Nom.	Gen.		
an buachaill	**an bhuachalla**	**na buachaillí**	the boy
an dochtúir	**an dochtúra**	**na dochtúirí**	the doctor
an bádóir	**an bhádóra**	**na bádóirí**	the boatman
an chuid	**na coda**	**na codanna**	the share
an chanúint	**na canúna**	**na canúintí**	the dialect
an ríocht	**an ríochta**	**na ríochtaí**	the kingdom

COMHRÁ



An tAthair: Cé a bhi ar an nguthán chomh luath sin ar maidin?
An Mháthair: M'athair. Deir sé nach bhfuil mo mháthair go maith.
Athair: Is trua sin. Is annamh a bhíonn sí tinn.
Matháir: Caithfidh mé dul chuici. Ní bheinn sásta go bhfaighinn amach cad atá cearr léi.
Athair: Tá an ceart agat. Tóg an carr. Is féidir liom dul ag obair ar an mbus.
Matháir: A Shíle agus a Liam, tá bhur seanmháthair tinn agus tá mé ag dul anonn chuici. A Shíle, bíodh tusa i bhfeighil an tí agus, a Liam, bí i do bhuachaill maith, tabhair aire duit féin, agus déan rud ar do dheirfiúr.

FOCLÓIR

annamh	seldom
anonn	over, to the other side
bronn, v.n. **-adh**	bestow
Cáisc (f), g. **Cásca**	Easter
canúint (f), pl. **-í**	dialect
ceacht, pl. **-anna**	lesson
cearr	wrong
ceoltóir, pl. **-í**	musician
cuspóir, pl. **-í**	object
Dáil (f), g. **Dála**	assembly, Parliament
déan rud ar	obey
dlí, pl. **dlithe**	law
dlíodóir, pl. **-í**	lawyer
filíocht (f), g. **-a**	poetry
fód, pl. **fóid**	sod
fuacht, g. **-a**	cold
Garda Síochána, pl. **Gardaí S.**	Civic Guard
guthán, pl. **gutháin**	telephone
litríocht (f), g. **-a**	literature
luath	early
mí na meala	honeymoon
móin (f), g. **móna**	turf
moltóir, pl. **-í**	adjudicatcr
prós, g. **próis**	prose
rinceoir, pl. **-í**	dancer
ríocht (f), pl. **-aí**	kingdom
sioc, g. **seaca**	frost
síocháin (f), g. **síochána**	peace
Teachta, pl. **-aí**	Deputy Parliamentary)
teas, g. **teasa**	heat
tuairim (f), pl. **-í**	opinion

AISTRIGH:

1 **Suigh síos, suigí síos, tógaigí na pinn ach ná brisigí iad.**

2 **Dúirt sé linn na pinn a thógáil ach gan iad a bhriseadh.**

3 **Bígí ar ais sa teach ar a deich a chlog.**

4 **Óladh na leanaí an bainne má tá tart orthu.**

5 **Ná feicim anseo arís thú!**

6 **Obair an fheirmeora, obair na bhfeirmeoirí; tuairim an dochtúra, tuairimí na ndochtúirí.**

7 **Fód móna; Garda Síochána; oíche sheaca; Domhnach Cásca; Teachta Dála.**

8 **Sa rang, bímid ag léamh filíocht agus prós na seanlitríochta.**

9 **Chaith an lánúin óg mí na meala in Hawaii.**

10 **Cé acu is fearr leat, an samhradh, séasúr an teasa, nó an geimhreadh, séasúr an fhuachta?**

AISTRIGH:

1 Write the 2nd person, singular and plural, of the following verbs:

put, drink, spend, give, take, read

2 Collect (pl.) the apples that are under the tree but don't eat them.

3 Do not be afraid of the dog (Lit. Let there not be fear on you before...)

4 Let me not hear another word from you!

5 Let Thomas come with me but let Donal remain (**fan**) at home.

6 The teacher's class: the musicians' harps: the object of the lesson.

7 Put a sod of turf on the fire, please.

8 Brian McCarthy is the manager of the office.

9 The adjudicator awarded (**bronn**) first prize to the dancers.

10 I saw everybody at the meeting: the shopkeepers, the farmers, the fishermen, the lawyers, the teachers and the painters.

CEACHT 32

NOUNS - FOURTH AND FIFTH DECLENSIONS

FOURTH DECLENSION OF NOUNS

Most nouns end in a vowel and are masculine. There is but one form for the singular and one for the plural,

Singular	Plural	
an toitín	**na toitíní**	the cigarette
an file	**na filí**	the poet
an rí	**na rithe**	the king
an ghé	**na géanna**	the goose
an mála	**na málaí**	the bag

FIFTH DECLENSION OF NOUNS

A miscellaneous collection of nouns, mostly feminine, which have a common feature in that the genitive singular ends in **-ach, -n,** or **-d.** Plurals are strong plurals.

Singular		Plural	
Nom.	Gen.		
an cháin	**na cánach**	**na cánacha**	the tax
an chathair	**na cathrach**	**na cathracha**	the city
an cara	**an charad**	**na cairde**	the friend
an chomharsa	**na comharsan**	**na comharsana**	the neighbor
an traein	**na traenach**	**na traenacha**	the train

IRREGULAR NOUNS

There are a few irregular nouns; those commonly used are listed below:

Singular		Plural	
Nom.	Gen.		
an dia	**an dé**	**na déithe**	the god
an bhean	**na mná**	**na mná, g. na mban**	the woman
an deirfiúr	**na deirféar**	**na deirfiúracha**	the sister
an leaba	**na leapa**	**na leapacha**	the bed
an lá	**an lae**	**na laethanta**	the day
an mhí	**na míosa**	**na míonna**	the month
an talamh	**an talaimh m.** **na talún f.**	**na tailte**	the land

COMHRÁ



Síle: Tusa atá ann, a Liam? Feach an cruth atá ort.

Liam: Bhí cluiche peile sa pháirc againn. An bhfuil Mamaí ar ais fós?

Síle: Níl. Ghlaoigh sí ar an nguthán agus dúirt nach bhfuil ar seanmháthair ró-olc agus go mbeadh sí féin ar ais timpeall a deich.

Liam: An bhfuil an suipéar ullamh fós?

Síle: Beidh Daidí ag teacht abhaile i gceann cúpla noiméad. Ní bheidh sé sásta tú a fheiceáil agus an salachar sin ort. Téigh isteach, nigh do lámha agus d'aghaidh, cuir léine agus bríste glan ort fein, agus ná bí ag feadaíl ag an mbord.

Liam: Ó bíonn tú ag tabhairt orduithe dom i gcónaí - m'aghaidh agus mo lámha a ní, léine ghlan a chur orm féin agus gan bheith ag feadaíl ag an mbord.

FOCLÓIR

Albain (f), g. **Alban**	Scotland
beoir (f), g. **beorach**	beer
bríste, pl. **brístí**	trousers
cáin (f), pl. **cánacha**	tax
ceist (f), pl. **-eanna**	question
cogadh, pl. **cogaí**	war
cruth, pl. **-anna**	shape, appearance
cumhacht (f), pl. **-aí**	power
eol, is eol dom	I know
feadaíl (f)	whistling
gé (f), pl. **-anna**	goose
lacha (f), pl. **-in**	duck
leaba (f), pl. **leapacha**	bed
léine (f), pl, **léinte**	shirt
monarcha, pl. **-na**	factory
namhaid (m), pl. **naimhde**	enemy
oibrí, pl. **oibrithe**	worker
ordú, pl, **orduithe**	order
píolóta, pl. **-í**	pilot
rí, pl. **rithe**	king
saighdiúir, pl. **-í**	soldier
salachar	dirt
stailc (f), pl. **-eanna**	strike
ar stailc	on strike
stáisiún, pl. **stáisiúin**	station
suíochán, pl. **suíocháin**	seat
suipéar, pl. **suipéir**	supper
talamh (m) g. **talaimh**, (f) g, **talún**, pl. **tailte**	land
tiarna talún	landlord
teorainn (f), g. **teorann**	border, boundary
traein (f), g. **traenach**	train
troid (f), g. **troda**, pl, **-eanna**	fight
uimhir (f), pl. **uimhreacha**	number

AISTRIGH:

1 **Sráideanna na cathrach; ceist na teorann; labhairt na teanga; cois farraige**

2 **Gloine beorach: a chara mo chléibh; de réir na n-uimhreacha**

3 **Is é lá na báistí lá na lachan. (seanfhocal)**

4 **Éist le glór na habhann agus gheobhaidh tú breac. (seanfhocal)**

5 **Suigí sna suíochán de réir na n-uimhreacha atá agaibh.**

6 **Ólaimis sláinte na hÉireann agus sláinte mhuintir na hÉireann.**

7 **Óige an Deartháir ainm an leabhair ar bheatha Bhriain Uí Nuallán.**

8 **Níl aon obair ar siúl sa mhonarcha anois: tá na hoibrithe ar stailc.**

9 **Is eol duinn ón stair gur chuir Cogadh na Talún deireadh le cumhacht na dtiarnaí talún.**

10 **Tá muintir Dhonnabháin ina gcónaí in aice linn. Seo iad ainmneacha na clainne: Micheál, ainm an athar; Siobhán, ainm na máthar; Tomás agus Breandán, ainmneacha na ndeartháracha; agus Úna, ainm na deirfear.**

AISTRIGH:

1 During the night; Christmas Day; the people of Scotland; near the fire.

2 In Ireland; in Scotland; the Feis of Tara; the train station; the speaking of Irish.

3 I would like to spend a vacation in Ireland.

4 Are the names of the streets written in Irish **(as Gaeilge)**?

5 Una's brother is an airplane pilot.

6 Did you say that the factory workers were on strike?

7 During Christmas **(um Nollaig)** the stores are full of people.

8 The soldiers fought against the enemies of their country.

9 The Feis of Tara used to be held every third year.

10 In the Cronin house are the grandfather, grandmother, father, mother, four boys and three girls.

CEACHT 33

ADJECTIVES - DECLENSIONS

DECLENSIONS OF ADJECTIVES

The adjective is not inflected except when it is used attributively, and when thus used it follows the noun and agrees with it in number. gender and case. Apart from those adjectives ending in a vowel and remaining unchanged (initial mutation excepted) in singular and plural, e.g. **fada,** long: **nua,** new, there are two main divisions or declensions:

(1) those ending in a consonant (except those ending in **-úil, -ir**)
díreach, straight; **maith**, good

(2) those endinq in **-úil** and a few endlng in **-ir**
fearúil, manly; **cóir**, fair, just

In Ceacht 27 we noted how the mode of inflection in the genitive determined the declension of the noun, The common form served for the nominative, accusative, dative and vocative (except in the first declension) of the singular. Strong plurals were unchanged while the genitive of weak plurals was the same as the common form. Below are given the four significant forms of representative adjectives (initial aspiration omitted) and also the paradigms of adjectives declined with masculine and feminine nouns.

Common Form	Gen. Sing. Masc.	Gen. Sing. Fem.	Plural	
dubh	**duibh**	**duibhe**	**dubha**	black
tuirseach	**tuirsigh**	**tuirsí**	**tuirseacha**	tired
maith	**maith**	**maithe**	**maithe**	good
fearúil	**fearúil**	**fearúla**	**fearúla**	manly
cóir	**cóir**	**córa**	**córa**	just
fada	**fada**	**fada**	**fada**	long

An adjective qualifying a weak-plural noun (Ceacht 27) has the same form for all cases of the plural except the genitive which has the same form as the commom singular.

Below are paradigms of first declension adjectives, broad and slender, declined with masculine and feminine nouns; also given are adjectives of the second declension.

SINGULAR

Nom.			
an fear mór	**an buachaill ciúin**	**an chláirseach bhinn**	**an pháirc ghlas**
Gen.			
an fhir mhóir	**an bhuachalla chiúin**	**na cláirsí binne**	**na páirce glaise**

PLURAL

Nom.			
na fir mhóra	**na buachaillí ciúine**	**na cláirseacha binne**	**na páirceanna glasa**
Gen.			
na bhfear mór	**na mbuachaillí ciúine**	**na gcláirseach binn**	**na bpáirceanna glasa**

SINGULAR

Nom.	**an garsún fearúil**	**an ainnir mhaisiúil**
Gen.	**an gharsúin fhearúla**	**na hainnire maisiúla**

PLURAL

Nom.	**na garsúin fhearúla**	**na hainnireacha maisiúla**
Gen.	**na ngarsún fearúil**	**na n-ainnireacha maisiúla**

Translations: the big man, the quiet boy, the melodious harp, the green field, the manly boy, the pretty (attractive) girl

COMHRÁ



An tAthair: Seo chugainn Mamaí. Cén chaoi a bhfuil do mháthair?
An Mháthair: Bhreathnaigh sí níos fearr tráthnóna. Bhí Daidí buartha fúithi agus chuir sé fios ar an dochtúir.
Athair: Bhí an ceart aige. Céard a duirt an dochtúir?
Máthair: Taom den fhliú atá uirthi. Thug an dochtúir íocleasu di agus mhol di fanacht sa leaba ar feadh cúpla lá.
Athair: Tá aois mhaith aici, os cionn seachtó, nach ea?
Máthair: Is ea. Deir an dochtúir go bhfuil an croí láidir aici. A Shíle, tá súil agam go raibh gach rud go maith agus go raibh Liam ina bhuachaill maith an fhaid a bhí mé as baile.
Síle: Ó, bhí, a Mhamaí. An féidir linn ar seanmháthair a fheiceáil?
Máthair: Is féidir. Tabharfaidh mé chuici amárach sibh.

FOCLÓIR

abhainn (f), pl. **aibhneacha**	river
ainnir (f), pl. **-eacha**	maiden
amhránaí pl. **amhránaithe**	singer
aosta	old
bealach, pl. **bealaí**	way
binn	sweet
bó (f), **ba**	cow
breathnaigh, v.n. **breathnú**	look, examine
buartha	worried
cairdiúil	friendly
canna, pl. **-í**	can
cén chaoi?	how?
cóir, adj.	fair, just
croí, pl. **-the**	heart
dathúil	pretty
deas, taobh d.	right (side)
éirí gréine	sunrise
fearúil	manly
fionn	fair
fios a chur ar	send for
fliú	flu
geal	bright
glas	green, gray
iocleasú	medication
iontach	wonderful
leac (f), pl. **-a**	slab, flagstone
leag	knock
maisiúil	beautiful, comely
scamall, pl. **scamaill**	cloud
seanchaí, pl. **seanchaithe**	storyteller
sleamhain	slippery
spéir (f), pl. **spéartha**	sky
taobh, pl. **-anna**	side
taom, pl. **-anna**	fit, attack

AISTRIGH:

1 **An teach bán: an t-urlár glan; an lánúin óg: an fear cairdiúil**

2 **Na tithe bána: na hurláir ghlana; na lánúineacha óga; na fir chairdiúla**

3 **Sin é Diarmaid Ó Siadhail; is é cara na ndaoine bochta é.**

4 **"Bealach na Bó Finne" an t-ainm atá ar "The Milky Way" as Gaeilge.**

5 **Is sleamhain iad leaca an tí mhóir. (seanfhocal)**

6 **Ba iad na seanchaithe aosta a hinsíodh na scéalta iontacha.**

7 **Amhránaí binn is ea Nóra; tá go leor de na seanamhráin Ghaeilge aici.**

8 **Ní sinne a leag na húlla dearga de na crainn arda leis na slata fada.**

9 **Feicfidh tú geata na monarchan móire ar thaobh na láimhe deise den bhóthar.**

10 **D'éirigh an t-iascaire roimh éiri gréine agus chuaigh se trasna na bpáirceanna go dtí bruach na habhann bige.**

AISTRIGH:

1 The cold day; on the white sail; with the pretty girl; in the big city

2 The cold days: on the white sails; with the pretty girls: in the big cities

3 A hundred thousand welcomes to you, my good friends!

4 I did not hear anything because I have a pain in my left ear.

5 Was it Mary who was wearing the new blue coat and the bright red hat?

6 The boy collected the empty bottles and cans and brought them to the store.

7 In the front of the house you will see the bright spring flowers.

8 You will see the doctor with his little black bag.

9 In the morning there were big white clouds in the sky.

10 History tells us the stories of the brave men who were there long ago.

CEACHT 34

ADJECTIVES - DEGREES OF COMPARISON

COMPARISON OF EQUALITY

This kind of comparison denotes an equal degree of the quality in question in the two things compared. It is expressed by putting **chomh**, as, before the adjective and **le**, with, after it:

Bhí Pádraig chomh láidir le capall.	Patrick was as strong as a horse.
Nílim chomh láidir leatsa.	I am not as strong as you.

If a verbal construction, rather than a noun or pronoun, is used in the comparison **chomh...agus** is used:

Tá Pádraig chomh láidir anois agus a bhí sé riamh (...as he ever was).

THE COMPARATIVE DEGREE

The comparative degree denotes a higher degree of the quality in one of the two things being compared. The comparative degree of the adjective has the same form as that of the genitive singular feminine: **láidir, láidre; cairdiúil, cairdiúla.** There are, however, a number of adjectives that form the comparative degree irregularly:

beag, lú, small;	**breá, breátha,** fine;	**fada, faide,** long;
maith, fearr, good;	**mór, mó,** good;	**olc, measa,** bad.

Tá Seán níos láidre ná Séamas.
Tá Seán níos láidre anois ná mar a bhí sé riamh.

The particle **níos** precedes the adjective and **ná** or **ná mar** (than) follows.

However in the present and past tenses and in the conditional mood it is usual to use the copula **is** or **ba** rather than the substantive verb **bí**:

Is láidre Seán ná Séamas.
Is láidre Seán anois ná mar a bhí sé riamh.
Nach mó Nua Eabhrac ná Baile Atha Cliath? Isn't New York bigger than Dublin?
Nárbh fhearr duit tae ná caife? Wouldn't tea be better for you than coffee?
Deir an seanfhocal gur treise dúchas ná oiliúint (...nature is stronger than nurture.)

In English discrete forms of the adjectives are used to express the comparative and superlative degrees: tall, taller, tallest. Such a distinction does not exist in Irish. When we wish to say that

(1) **Thomas is younger than John**
(2) **Thomas is the youngest boy in the class**

we express the ideas thus:

(1) **Tá Tomás níos óige ná Seán** or **Is óige Tomás ná Seán.**
(2) **Tá Tomás níos óige ná aon bhuachaill eile sa rang** or **is óige Tomás ná aon bhuachaill eile sa rang.**

In a comparison involving more than two a construction using the idiom **tá...ar** may also be used.

Tá Tomás ar an mbuachaill is óige sa rang.
Thomas is the youngest boy in the class.

Bhí an Róimh ar an impireacht ba mhó ar an domhan.
Rome was the greatest empire in the world.

COMHRÁ



Oscar: **Feicim go bhfuil carr nua agat, a Risteaird.**
Risteard: **Tá, ceann den déanamh is nua atá ar an margadh.**
Oscar: **Is feiceálach an carr é. An bhfuil sé costasach?**
Risteard: **Tá siad i bhfad níos daoire i mbliana.**
Oscar: **Is docha gur fearr leat é ná an seancheann.**
Risteard: **Is fearr go mór. Is fairsinge é ar an taobh istigh. Tá áit do sheisear ann.**
Oscar: **Cad mar gheall ar an inneall?**
Risteard: **Is cumhachtaí é ná aon inneall eile ina leithéid de charr. Is faide a théann sé ar an ngalún peitril ná mar a théadh an seancharr.**
Oscar: **Go maire tú é!**

FOCLÓIR

ard, comp. **airde**	high, tall
chomh	as
clé	left (side)
costasach	dear, costly
cosúil...le	like
crom, v.n. **-adh**	bend
cuimhneamh	recollection
cumhachtach	powerful
daor	dear
déanamh	make, model
dias (f), pl. **-a**	ear of corn
domhan, g. **domhain**	world
éirimiúil	talented
Eoghan	Eugene
fairsing	spacious
feiceálach	noticeable
fuil (f), g. **fola**	blood
impireacht (f), pl. **-ai**	empire
lag	weak
leithéid, pl. **-í**	the like
mair, v.n. **-eachtáil**	live, last
go maire tú é	may you enjoy it
margadh, pl. **margaí**	market
milis, comp. **milse**	sweet
oiliúint (f), g. **oiliúna**	training
páiste, pl. **páistí**	patch
rang, pl. **-anna**	class
riamh	ever
Róimh (f), g. **Rómha**	Rome
saighead (f), **-a**	arrow
sean, comp. **sine**	old
te, comp. **teo**	hot, warm
trom, comp. **troime**	heavy

AISTRIGH:

1 **Tá sé chomh díreach le saighead. Tá, agus níos díre.**

2 **Bhí a guth chomh hard sin gur chuala gach duine í.**

3 **Is treise dúchas ná oiliúint. (seanfhocal)**

4 **Is í an dias is troime is ísle a chromann a ceann. (seanfhocal)**

5 **Ba é Peadar an duine ba fhearúla agus ba chairdiúla orthu go léir.**

6 **Is sine Eoghan ná mé ach is aoirde mise ná eisean.**

7 **Is fearr a rinne tú an obair ná mar a d'fhéadfainnse féin é a dhéanamh.**

8 **Ba í an tsúil chlé an tsúil ba laige aige.**

9 **Tá Máire ar an scoláire is éirimiúla sa rang.**

10 **Bhí an samhradh seo ar an samhradh ba fhliche agus ba fhuaire le cuimhneamh na ndaoine.**

AISTRIGH:

1 It was as white as snow and as red as blood (**fuil**).

2 He is as strong now as he ever was.

3 This apple is redder and sweeter than the other.

4 Donal is older than William but William is taller than Donal.

5 Patrick was the smartest boy in the class.

6 A turf fire is nicer than a coal fire, but the coal fire is warmer.

7 The child is more like (**cosúil**) his mother than his father.

8 The proverb says that a patch is better than a hole.

9 Which is the largest city in the world: New York, London, or Tokyo?

10 The horse is larger and stronger than the donkey.

CEACHT 35 - REVIEW

FOCLÓIR

adhmad, g. **adhmaid** wood
amhlaidh thus, so,same
banc, pl. **bainc** bank
barrach tow (of flax)
bodach, pl. **bodaigh** churl, lout
bog soft
braillín, pl. **-í** sheet
cairdeas friendship
caoi way
ceantar, pl. **ceantair** district
ceirseach (f), hen blackbird
g. **ceirsí**
cheana already
cliabhán, cradle
pl. **cliabháin**
cluthar sheltered
compordach comfortable
córas, pl. **córais** system
costas, pl. **costais** cost
dlúsúil industrious
donas, g. **donais** misery
doras, pl. **doirse** door
fiacha debt
gealach (f), pl. **-a**, moon
g. **gealai**
gearr, comp. **giorra** short, near
gléasra equipment
iasacht (f), **ar i.** loan,on loan
imeall, pl. **imill** edge
leibhéal level
leithscéal, pl. **-ta** excuse
lobhadh, v.n. of **lobh** rotting
lóistín, **ar l.** lodging
luach, pl. **-anna** price, value
méadú, v.n. of **méadaigh** increasing
minic, comp. **-e** often
misneach, g. **misnigh** courage
níodh, p. aut. of **nigh** was washed
péint paint
pluiméireacht (f) plumbing
seomra suite, sitting room,
s. folctha bathroom
siúinéir, pl. **-í** carpenter
smólach, g. **smólaigh** thrush
socair steady
socrú (m), settling
v.n. of **socraigh**
staighre stairs
súisín, pl. **-í** coverlet
taisce, **i dt.** store
teip...ar fail
tréaslaigh...do congratulate
urlár, pl. **urláir** floor, storey

SUANTRAÍ: SEOHÍN SEÓ

Chuirfinnse féin mo leanbh a chodladh,
Is ní mar a chuireann mná na mbodach
Faoi shúisín buí ná i mbraillín barraigh,
Ach i gcliabhán óir is an ghaoth á bhogadh.
Seohín seó, ú leo leo
Seohín seó, is tú mo leanbh!
Seohín seó, ú leo leo
Seohín seó, is tú mo leanbh!

Chuirfinnse féin mo leanbh a chodladh
Lá breá gréine idir dhá Nollaig,
I gcliabhán óir ar urlár socair
Faoi bharra na gcraobh is an ghaoth á bhogadh.
Seohín seó, srl.

1. Select the correct cases of the words in parentheses:

i Níl solas (an ghealach) chomh geal le solas (an ghrian).
ii Gheobhaimid laethanta saoire (an samhradh) i gceann (seachtain).
iii Is giorra teach (an sagart) ná teach (an scoil).
iv A (Gael), is ceart daoibh troid ar son bhur (tír).
v Tá cairdeas idir muintir (Éire) agus muintir (Albain).

2. Choose the correct form of the adjective for these sentences:

i	álainn:	Níl aon áit in Éirinn níos ( ) ná Cill Airne.
ii	binn:	Is ( ) ceol an smólaigh na ceól na céirsí.
iii	minic:	Tagann sé chugainn níos ( ) ná mar a cheapfá.
iv	leisciúil:	Ba é Liam an scoláire ba ( ) sa rang.
v	maith:	Arbh é sin an rud ab ( ) duit a dhéanamh?

3. Translate the following:

Fear óg dlúsúil é Tomás Ó Tuathail. Bhíodh sé ar loistin ar imeall an bhaile. Theastaigh uaidh teach dá chuid féin a bheith aige. Ní raibh móran airgid i dtaisce aige agus cheap sé gurbh fhearr dó seanteach a cheannach. Ba shiúinéir é féin agus d'fhéadfadh sé an obair a bheadh riachtanach chun an teach a chur in ord a dhéanamh. Ní mór an costas a bheadh ar sheanteach. Fuair sé iasacht ón mbanc. Mar sin cheannaigh sé teach beag i gceantar a raibh na tithe ligthe chun donachta ann.

Teach dhá urlár a fuair sé: cistin bheag, halla agus seomra suite ar an gcéad urlár: dhá sheomra leaba agus seomra folctha ar an dara leibhéal. Níor thuig Tomás cé chomh dona a bhí an teach nuair a cheannaigh sé é. Bhí adhmad an urláir uachtaraigh agus adhmad an staighre ag lobhadh agus bhí droch-chaoi ar an seomra folctha, córas nua pluiméireachta ag teastáil. Níor theip ar an misneach aige agus chuir sé chun na hoibre.

Bhíodh sé ag obair ar an seanteach gach tráthnóna agus gach deireadh seachtaine. Fuair sé cabhair ó dhuine nó beirt dá chairde. Níorbh fhada go raibh adhmad nua curtha in áit an tseanadhmaid, péint curtha ar na doirse, ar na fuinneoga agus ar an staighre. Níodh na ballaí istigh agus amuigh agus cuireadh dath nua orthu. Gléasra nua-aimseartha a chuir sé sa seomra folctha.

Tá daoine óga eile ag ceannach agus ag socrú seantithe sa cheantar anois. Mar sin, tá luach tí Thomáis ag méadú de réir a chéile. Teach deas cluthar compordach atá aige anois. Is é a deir a chairde nach fada go bpósfar é.

COMHRÁ



Seoirse: Bail ó Dhia ar an obair, a Thomáis.
Tomás: Gurab amhlaidh duit, a Sheoirse.
Seoirse: Feicim go bhfuil an-chuid oibre curtha isteach agat ar an seanteach sin.
Tomás: Tá. Fuair mé saor go leor é agus mé féin atá ag déanamh na hoibre chun ordú maith a chur air.
Seoirse: Ní foláir nó tá costas mór ag baint leis an ngnó.
Tomás: Bhí roinnt airgid i dtaisce agam féin agus fuair mé iasacht ón mbanc. Beidh na fiacha go léir glanta agam i gceann roinnt blianta.
Seoirse: Tréaslaím duit. Dea-shampla atá á thabhairt agat do dhaoine eile.
Tomás: B'fhéidir é. Cheana fein tá beirt nó triúr eile ag ceannach seantithe sa cheantar seo.

CEACHT 36

VERBS - SUBJUNCTIVE MOOD: SALUTATIONS, WISHES, GREETINGS, ETC.

PRESENT SUBJUNCTIVE

The use of the present subjunctive is largely confined to set phrases expressing wishes. It follows the particles **go** (affirmative) and **nár** (negative). The third person singular of the present subjunctive is formed by adding **-a** or **-e** to the root according as the verb is broad or slender, and **-aí** or **-í** to second conjugation verbs ending in **-(a)igh.** The subjunctive form for the verb **bí** is **raibh.** This substantive verb **bí** is introduced by **go** and **ná;** the copula by **gura(b)** and **nára(b).**

Go raibh maith agat	Thank you (Lit. May there be good at you).
Go dtaga do ríocht	May thy kingdom come.
Go mbeannaí Dia duit	May God bless you.
Nár laga Dia do lámh	May God not weaken your hand.
Gura slán an scéalaí	May the bearer of the news be safe.
Gurab amhlaidh duit	The same to you.

In expressing clauses of purpose or of indefinite time after **go,** until, **nó,** until, **sula,** before, the future tense is used.

Fan go dtiocfaidh sé.	Wait until he comes.
Tar anseo go bhfeicfimid thú.	Come here so that we can see you.

PAST SUBJUNCTIVE

The conditional mood is usually employed instead of the past subjunctive (which is similar to the past habitual in form) in conditional clauses.

Dá léifeá an dán go cúramach thuigfeá é.
If you would read the poem carefully you would have understood it.

See **Ceacht 24** for further examples. The form of the past subjunctive of **bí** is the same as that of the conditional.

Dá mbeifeá ann gheofá an post.
If you were there you would get the position.

SALUTATIONS, WISHES, GREETINGS, ETC.

Greeting	**Dia duit (daoibh)**	(Lit. God to you)
Answer	**Dia is Muire duit (daoibh)**	(Lit. God and Mary to you)
Greeting	**Go mbeannaí Dia duit**	May God bless you
Answer	**Go mbeannaí Dia is Muire duit**	May God and Mary bless you
Greeting	**Bail ó Dhia ort**	The blessing of God on you
Answer	**Bail ó Dhia is Muire ort**	The blessing of God and Mary on you

For the following greetings **Gurab amhlaidh duit** is a suitable answer:

Oiche mhaith duit!	Good night!
Codladh sámh duit!	A pleasant sleep!
Nollaig shona duit!	Merry Christmas!
Nollaig faoi shéan is faoi mhaise duit!	A prosperous and pleasant Christmas!
Athbhliain faoi mhaise duit!	A prosperous New Year!

Slán leat.	Good Bye.Farewell (said to the one leaving).
Slán agat.	Good Bye.Farewell (said to the one remaining).

Slainte chugat!	Good health!
Gabhaim pardún agat.	I beg your pardon.
Gabh mo leithscéal.	Pardon me (Lit. Accept my excuse).
Más é do thoil é.	If you please (Lit. If it is your will).
Le do thoil.	Please.
Maith an fear (buachaill, cailín)!	Good man!
Saol fada chugat!	Long life to you!

Go méadaí Dia do stór.	Thanks (Lit. May God increase your store).
Go bfága Dia an tsláinte agat.	Thanks (Lit. May God spare you your health).
Go mbeirimid beo ar an am seo arís.	May we catch this time again.
Go n-eirí an bóthar leat.	May you succeed! (Lit. May the road succeed with you)

FOCLÓIR

agair, v.n. **-t**	plead, entreat
Nár agraí Dia ort é	May God forgive you
athbhliain (f)	New Year
athnuachan (f)	renovation
bail (f)	blessing
beannaigh	bless, salute
beathaigh, v.n. **beathú**	feed, nourish
beo	alive
cáin, v.n. **-eadh**	blame
comhairle (f)	advice
cúramach	careful
dara	second
éirigh...le	succeed
feisteas	furnishings
fóir...ar	help
gleoite	neat, pretty
lagaigh, v.n. **lagú**	weaken
maise (f)	beauty, flourishing
maraigh, v.n. **marú**	kill
náire (f)	shame
nuacht (f), g. **-a**	news
pardún	pardon
rath	luck, favor
sámh	tranquil
saol, pl. **-ta**	life, time, world
scrúdu, pl. **scrúduithe**	examination
séan	happiness
sona	happy, fortunate
stór, pl. **-tha**	store, stock
thart	over
troscán, pl. **troscáin**	furniture

AISTRIGH:

1 **Go bhfóire Dia orainn: go gcuire Dia rath ort.**

2 **Ná raibh maith agat; ná agraí Dia ort é.**

3 **Go maire tú agus go gcaithe tú an chulaith nua éadaigh seo.**

4 **Go mba seacht bhfearr a bheidh tú bliain ó inniu.**

5 **Fanaimis anseo go dtiocfaidh Liam chugainn leis an gcarr.**

6 **Má chloisim an nuacht inseoidh mé duit é.**

7 **Dá gcloisfinn an nuacht d'inseoinn duit é.**

8 **Mura molfainn é, ní cháinfinn é.**

9 **Ná creid an chead scéal go mbeire an dara sceal ort.(seanfhocal)**

10 **An rud a bheathódh duine amháin, is é a mharódh duine eile.(seanfhocal)**

AISTRIGH:

Express the following (1,2) as wishes:

1 That God may bless us all; that you, my friend, may have a long life.

2 May it be the same for you; may it not be the same for you.

3 A merry Christmas and a happy New Year to you! The same to you!

4 "May you all succeed in the examination," said the teacher to us.

5 We will remain inside until the rain is over (**thart**).

6 If Tom is late again he will lose his position.

7 If I hadn't seen it I wouldn't have believed it.

8 If you had liked it you would have eaten it.

9 Give me the paper so that I may read it.

10 If the pencil were stronger I would not have broken it.

COMHRÁ



Peig: Is dócha go bhfaca tú an teach nua atá ag Tomás Ó Tuathail.

Eibhlín: Ní fhaca, ach chuala mé m'athair ag caint ar an athnuachan atá déanta ag Tomás ar an seanteach a cheannaigh sé.

Peig: Teach deas gleoite atá ann. Thug sé cuireadh do mo mháthair dul ann. Ag lorg comhairle a bhí sé mar gheall ar an troscán, dath na bhfallaí agus ar an bhfeisteas ceart do na seomraí.

Eibhlín: Fear maith é Tomás agus teach breá mar sin a bheith aige. Is dócha nach fada anois go bpósfar é.

Peig: Pósadh! Beidh an t-ádh ar an gcailín a bheadh fear céile mar Thomás aici.

CEACHT 37

VERBS - AUTONOMOUS FORMS: DEFECTIVE VERBS

VERBS - AUTONOMOUS

Up to this we have been considering verbs where the doer of the action was known; there is, however, an impersonal form called the autonomous form which is used when the speaker does not know or does not wish to reveal the identity of the speaker. Being autonomous, that is, needing no specific subject, it has neither person nor number and hence has but one form in each tense. Transitive and intransitive verbs have autonomous forms. Below are the autonomous forms for the verbs **dún** and **bailigh:**

Imperative:	**dúntar**	**bailítear**
Present:	**dúntar**	**bailítear**
Present Subj.:	**go núntar**	**go mbailítear**
Past:	**dúnadh**	**bailíodh**
Past Habitual:	**dhúntaí**	**bhailítí**
Future:	**dúnfar**	**baileofar**
Conditional:	**dhúnfaí**	**bhaileofaí**

The verbal particles **ní, an,** etc. are used with the autonomous forms as well as with the regular forms. The initial of the autonomous may be aspirated or eclipsed according to the ordinary rules; however, the autonomous past is not aspirated.

Some of the irregular verbs form the past autonomous in **-thas.**

clois	**chualathas**
faigh	**fuarthas**
bí	**bhíothas** (indep.); **rabhthas** (dep.)
feic	**chonacthas** (indep.); **facthas** (dep.)
tar	**thángthas**
téigh	**chuathas** (indep.); **deachthas** (dep)

Translating: **deirtear,** the present autonomous of **deir,** say, may be translated as "one says," "people say," "it is said." The construction corresponds to the English use of "one" (French "on," German "man").

Ná caitear tobac anseo.	No smoking (here).
Osclaíodh na doirsí ar a seacht a chlog.	The doors were opened at 7 o'clock.
Tógfar monarcha ar an láthair sin.	A factory will be built on that site.
Go ndéantar do thoil.	May thy will be done.
Cuirfear na síolta san earrach.	Seed will be sown in the spring.
Rugadh mé sa bhliain 1965.	I was born in the year 1965.

DEFECTIVE VERBS

Defective verbs are verbs which lack some of the regular forms. The Copula is defective; it has but two forms, **is** and **ba.** (See **Ceacht 12 - 14.**)

